2025/2574

23.12.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2574 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Nollaig 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 ón gCoimisiún de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta arna tabhairt ag an Ríocht Aontaithe

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 8771)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) ([1]), agus go háirithe Airteagal 45(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. RÉAMHRÁ

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 ón gCoimisiún ([2]) tagtar ar an gconclúid gurb amhlaidh chun críocha Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2016/679, a áirithíonn an Ríocht Aontaithe leibhéal leordhóthanach cosanta le haghaidh sonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas Eorpach chuig an Ríocht Aontaithe faoi raon feidhme an Rialacháin sin ([3]).

(2) Agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 á ghlacadh, chuir an Coimisiún san áireamh gurbh amhlaidh, tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([4]) agus tar éis gur scoir an fhoráil eatramhach faoi Airteagal 782 den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([5]) d'fheidhm a bheith aici, a dhéanfadh an Ríocht Aontaithe córas cosanta sonraí nua a ghlacadh, a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú – córas a bheadh éagsúil leis an gceann a bhí i bhfeidhm nuair a bhí sí faoi cheangal ag dlí an Aontais.

(3) Ós rud é gurbh fhéidir go mbeadh leasuithe ar an gcreat cosanta sonraí arna mheasúnú i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 i gceist leis sin, sin nó forbairtí ábhartha eile, measadh gurbh iomchuí foráil a dhéanamh go mbeadh feidhm ag an gCinneadh sin ar feadh tréimhse 4 bliana ó dháta a theacht i bhfeidhm. Dá bhrí sin, bhí Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 le dul in éag an 27 Meitheamh 2025, mura leathnófaí é i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 93(2) de Rialachán (AE) 2016/679.

([1]) IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta arna tabhairt ag an Ríocht Aontaithe (IO L 360, 11.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/1772/oj).

([3]) Féach Airteagal 1(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772. Faoi Airteagal 1(2) den Chinneadh sin, ní chumhdaíonn an Cinneadh sonraí pearsanta a aistrítear chun críocha rialú inimirce na Ríochta Aontaithe nó a thagann faoi raon feidhme na díolúine le haghaidh cearta ábhar sonraí chun críocha rialú inimirce éifeachtach a choinneáil ar bun de bhun mhír 4(1) de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

([4]) IO C 384I, 12.11.2019, lch. 1.

([5]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj.

(4) Chun cinneadh a dhéanamh maidir le síneadh a d'fhéadfaí a chur le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar cé acu a leanann nó nach leanann bonn cirt fíorasach agus dlíthiúil de bheith leis an gconclúid go n-áirithíonn an Ríocht Aontaithe leibhéal leordhóthanach cosanta i bhfianaise forbairtí a tharla ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 i ndáil leis na heilimintí a liostaítear in Airteagal 45(2) de Rialachán (AE) 2016/679.

(5) Go háirithe, an 23 Deireadh Fómhair 2024, thug Rialtas na Ríochta Aontaithe an Bille Sonraí (Úsáid agus Rochtain) ([6]) isteach i bParlaimint na Ríochta Aontaithe, lenar moladh leasuithe a dhéanamh ar an Rialachán Ginearálta na Ríochta Aontaithe maidir le Cosaint Sonraí (RGCS na Ríochta Aontaithe) agus ar an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018) ar a ndéantar measúnú i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772. An 24 Meitheamh 2025, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1226 ([7]), lenar cuireadh síneadh 6 mhí go dtí an 27 Nollaig 2025 le bailíocht Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772. Leis an síneadh teicniúil sin lena bhfuil teorainn ama ceadaíodh don Choimisiún a mheasúnú a thabhairt chun críche ar an leibhéal leordhóthanach cosanta le haghaidh sonraí pearsanta arna soláthar ag an Ríocht Aontaithe ar bhonn creat dlíthiúil cobhsaí, i.e. tar éis thabhairt chun críche an phróisis reachtaigh ábhartha ([8]).

(6) Ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, rinne an Coimisiún faireachán, ar bhonn leanúnach, ar fhorbairtí ábhartha sa Ríocht Aontaithe ([9]). I gcomhréir le haithris 281 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, tugadh aird ar leith ar rialacha na Ríochta Aontaithe maidir le haistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tíortha a bheith á gcur i bhfeidhm sa chleachtas, agus ar an tionchar a fhéadfaidh a bheith aige sin ar an leibhéal cosanta a thugtar do shonraí arna n-aistriú faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, ar a éifeachtaí a bhí sé cearta aonair a fheidhmiú, lena n-áirítear aon fhorbairt ábhartha sa dlí agus i gcleachtas maidir le heisceachtaí ar na cearta sin nó srianta orthu (go háirithe an ceann a bhaineann le rialú éifeachtach ar inimirce a choinneáil ar bun), chomh maith le comhlíontacht leis na teorainneacha agus na coimircí maidir le rochtain an rialtais. I measc eilimintí eile, cuireadh bonn eolais ar fáil d'fhaireachán an Choimisiúin le forbairtí cásdlí agus formhaoirseacht Oifig an Choimisinéara Faisnéise (ICO) agus comhlachtaí neamhspleácha eile.

(7) Bunaithe ar an measúnú ar na forbairtí sin, lena n-áirítear na leasuithe ar RGCS ón Ríocht Aontaithe agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 a tugadh isteach leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain), tagann an Coimisiún ar an gconclúid go leanann an Ríocht Aontaithe de leibhéal leordhóthanach cosanta ar shonraí pearsanta arna n-aistriú faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2016/679 ón Aontas Eorpach chuig an Ríocht Aontaithe a áirithiú.

(8) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid freisin gurb amhlaidh, i bhfianaise leasuithe ar fhorálacha ábhartha dhlí na Ríochta Aontaithe ([10]), maidir le heisiamh sonraí pearsanta arna n-aistriú chun críoch rialaithe ar inimirce na Ríochta Aontaithe nó a thagann ar shlí eile faoi raon feidhme na díolúine ó chearta ábhar sonraí áirithe chun rialú éifeachtach ar inimirce a choinneáil ar bun (an 'díolúine inimirce') de bhun mhír 4(1) de Sceideal 2 a ghabhann le hAcht na Ríochta Aontaithe um Chosaint Sonraí, ó raon feidhme Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 nach bhfuil bonn cirt leis sin a thuilleadh, mar a mhínítear in aithris 37 den Chinneadh seo.

([6]) Le fáil ag an nasc seo a leanas: https://bills.parliament.uk/bills/3825/news.

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1226 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2025 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 ón gCoimisiún de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta ag an Ríocht Aontaithe (IO L, 2025/1226, 26.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1226/oj).

([8]) An 19 Meitheamh 2025 tugadh Aontú an Rí don Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

([9]) Airteagal 45(4) de Rialachán (AE) 2016/679.

([10]) I mí na Bealtaine 2021, shuigh Cúirt Achomhairc Shasana agus na Breataine Bige nach raibh an díolúine inimirce mar a foirmlíodh an tráth sin i mír 4(1) de Sceideal 2 a ghabhann le hAcht na Ríochta Aontaithe um Chosaint Sonraí ag luí le dlíthe na Ríochta Aontaithe, ós rud é nach raibh forálacha sonracha sa bheart reachtach lena leagtar amach na coimircí a liostaítear in Airteagal 23(2) de RGCS ón Ríocht Aontaithe. Chun an breithiúnas a chomhlíonadh, rinne Rialtas na Ríochta Aontaithe athbhreithniú ar an díolúine inimirce trí na Rialacháin fán Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Leasú ar Dhíolúintí Sceideal 2), 2022 a rith. Mar sin féin, rinneadh agóid i gcoinne na díolúine athbhreithnithe arís ar an mbonn nár comhlíonadh ceanglais uile Airteagal 23(2) de RGCS ón Ríocht Aontaithe léi. I mbreithiúnas an 11 Nollaig 2023, dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc arís nach raibh an díolúine inimirce athbhreithnithe ag luí le hAirteagal 23(2) RGCS ón Ríocht Aontaithe. Chun bheith comhlíontach, rith Rialtas na Ríochta Aontaithe ansin na Rialacháin fán Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Leasú ar Dhíolúintí Sceideal 2), 2024, agus tháinig siad i bhfeidhm an 8 Márta 2024.

2. FORBAIRTÍ ÁBHARTHA MAIDIR LEIS NA RIALACHA LENA BHFUIL FEIDHM MAIDIR LE PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA

2.1. Creat cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe

(9) Nuair a glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, is éard a bhí i gceist leis an gcreat dlíthiúil maidir le cosaint sonraí pearsanta sa Ríocht Aontaithe:

— RGCS na Ríochta Aontaithe ([11]), mar a ionchorpraítear i ndlí na Ríochta Aontaithe faoi Acht an Aontais Eorpaigh (Tarraingt Siar) 2018 ([12]) agus arna leasú leis na Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí, Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach (Leasuithe etc.) (An tImeacht ón Aontas Eorpach) 2019 (Rialacháin DPPEC) ([13]),

— An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 ([14]), arna leasú le Rialacháin DPPEC.

(10) Maidir leis an dá Acht sin, lena ndearnadh na rialacha comhfhreagracha atá infheidhme laistigh den Aontas Eorpach a scáthánú, cé gurb amhlaidh a leantar de reachtaíocht cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe a mhúnlú leo, ó shin i leith bhí siad faoi réir leasuithe teoranta, lena léirítear nach bhfuil an Ríocht Aontaithe faoi réir dhlí an Aontais Eorpaigh a thuilleadh.

(11) Ar an gcéad dul síos, soiléiríodh leis an Acht um Dhlí Coinnithe an Aontais (Cúlghairm agus Athchóiriú) 2023 (Acht REUL) ([15]), nach raibh prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais i ndlí náisiúnta na Ríochta Aontaithe a thuilleadh tar éis dheireadh 2023 ([16]). Ina theannta sin, ní ga do chúirteanna na Ríochta Aontaithe 'dlí comhshamhlaithe' neamh-mhodhnaithe, dar gaireadh 'dlí coinnithe an Aontais' roimhe sin a léiriú a thuilleadh, i gcomhréir le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, ach ní mór dlí den sórt sin a léamh mar a bheith comhoiriúnach le dlí náisiúnta na Ríochta Aontaithe ([17]). Mar sin féin, ní mór do chúirteanna na Ríochta Aontaithe dlí comhshamhlaithe neamh-mhodhnaithe a léiriú fós i gcomhréir le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh arna eisiúint roimh dheireadh na hidirthréimhse ([18]), mar a luaitear freisin in aithris 13 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772. Leasaíodh an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) chun éifeacht Acht REUL ar reachtaíocht cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe a shoiléiriú. Mar shampla, foráiltear le Roinn 183A(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 mar riail ghinearálta go dtoimhdítear go bhfuil aon reachtaíocht nua (a ritheadh an 20 Lúnasa 2025 nó ina dhiaidh) lena dtugtar isteach dualgais nó cumhachtaí nua chun sonraí pearsanta a phróiseáil faoi réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe maidir le cosaint sonraí. Ciallaíonn sé sin go leanann creat cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe de shárú a dhéanamh ar

([11]) An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.legislation.gov.uk/eur/2016/679/contents.

([12]) Acht an Aontais Eorpaigh (Tarraingt Siar), 2018, le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2018/16/contents, reachtaíocht ionchorpraithe de chuid an Aontais a bhí infheidhme go díreach sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse i ndlí na Ríochta Aontaithe. Áiríodh i 'dlí coinnithe an Aontais', mar a thugtar air, Rialachán (AE) 2016/679 ina iomláine, lena n-áirítear a aithrisí (féach Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAcht an Aontais Eorpaigh (Tarraingt Siar) 2018, mír 83, le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2018/16/pdfs/ukpgaen_20180016_en.pdf). I gcomhréir leis an Acht sin, b'éigean do chúirteanna na Ríochta Aontaithe dlí coinnithe neamh-mhodhnaithe an Aontais a léirmhíniú i gcomhréir le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais mar a bhí éifeacht acu díreach roimh dheireadh na hidirthréimhse (ar a dtugtar 'cásdlí coinnithe an Aontais' agus 'prionsabail ghinearálta choinnithe an Aontais' faoi seach).

([13]) Na Rialacháin um Chosaint Sonraí, Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach (Leasuithe etc.) (An tImeacht ón Aontas Eorpach), 2019, le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.legislation.gov.uk/uksi/2019/419/contents/made, arna leasú leis na Rialacháin um Chosaint Sonraí, Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach, 2020, le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.legislation.gov.uk/ukdsi/2020/9780348213522. Leis na Rialacháin um Chosaint Sonraí, Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach, leasaítear Rialachán (AE) 2016/679 mar a tugadh isteach i ndlí na Ríochta Aontaithe é trí Acht an Aontais Eorpaigh (Tarraingt Siar) 2018, an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus reachtaíocht cosanta sonraí eile chun bheith oiriúnach don chomhthéacs intíre.

([14]) An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018, le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2018/12/contents. Roimh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus le linn na hidirthréimhse, chuir an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 na rialacha náisiúnta ar fáil, mar a ceadaithe faoi Rialachán (AE) 2016/679, lenar sonraíodh agus lenar srianadh cur i bhfeidhm rialacha Rialachán (AE) 2016/679 agus lenar trasuíodh Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/680/oj).

([15]) Le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2023/28.

([16]) Roinn 5 d'Acht an Aontais Eorpaigh (Tarraingt Siar) 2018, arna leasú le hAcht REUL.

([17]) Roinn 5 d'Acht an Aontais Eorpaigh (Tarraingt Siar) 2018, arna leasú le hAcht REUL.

([18]) Roinn 6(3) agus (7) d'Acht an Aontais Eorpaigh (Tarraingt Siar) 2018, arna leasú le hAcht REUL.

reachtaíocht eile. De bhun Roinn 183A(2)(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, is féidir an toimhde sin a dhífheidhmiú má chinneann Parlaimint na Ríochta Aontaithe d'aon ghnó é sin a dhéanamh go sainráite sa reachtaíocht, agus an cheannasacht pharlaiminteach á caomhnú. Ina theannta sin, soiléirítear le Roinn 186(2A) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 nach sáraíonn Roinn 186(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, lena bhforáiltear nach sáraíonn achtacháin lena dtoirmisctear nó lena sriantar nochtadh faisnéise cearta áirithe cosanta sonraí, na srianta ar chearta ábhar sonraí a liostaítear i Roinn 186(3) ón Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Áirithítear leis sin, mar shampla, nach mbeidh srianta ar chearta an ábhair sonraí a leagtar amach san Acht um Chosaint Sonraí, 2018 gafa iad féin leis an 'sárú ginearálta ar chosaint sonraí' i Roinn 186(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

(12) Ar an dara dul síos, ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, leasaíodh reachtaíocht cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe trí na Rialacháin um Chosaint Sonraí (Cearta agus Saoirsí Bunúsacha) (Leasú), 2023 ([19]). Leis na Rialacháin sin sainítear tagairtí do chearta bunúsacha nó saoirsí bunúsacha in RGCS ón Ríocht Aontaithe agus san Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (a sainíodh roimhe sin chun cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an Aontais a chumhdach ([20])), mar thagairtí do chearta faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, dar tugadh éifeacht i ndlí intíre na Ríochta Aontaithe faoin Acht um Chearta an Duine, 1998 ([21]). Leis an Acht um Chearta an Duine, 1998 déantar na cearta atá sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a ionchorprú i ndlí na Ríochta Aontaithe. Leis an Acht um Chearta an Duine déantar na cearta agus na saoirsí bunúsacha dá bhforáiltear in Airteagail 2 go 12 agus 14 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, Airteagail 1, 2 agus 3 dá Chéad Phrótacal agus Airteagal 1 dá Thríú Prótacal Déag, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 16, 17 agus 18 den Choinbhinsiún sin, a dheonú d'aon duine aonair. Áirítear leis sin an ceart go léireofar meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh (agus an ceart chun cosanta sonraí mar chuid den cheart sin), agus an ceart chun trialach córa ([22]).

(13) Ar deireadh, bhí RGCS ón Ríocht Aontaithe agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 faoi réir athchóirithe spriocdhírithe dá bhforáiltear le codanna a cúig agus a sé den Acht um Chosaint Sonraí (Úsáid agus Rochtain). Cé go dtéann raon feidhme an Achta Sonraí (Úsáid agus Rochtain) i bhfad thar chosaint sonraí pearsanta, déantar foráil ann maidir le leasuithe teoranta ar ghnéithe éagsúla den chóras cosanta pearsanta, amhail, *inter alia*, na rialacha maidir le próiseáil sonraí chun críoch taighde eolaíoch, na bunúis dlí le haghaidh próiseáil sonraí, na rialacha a bhaineann le prionsabal an teorannaithe de réir cuspóra, agus na coinníollacha le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe. Ina theannta sin, déanann an tAcht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) leasuithe ar struchtúr rialachais ICO. Nuair a chuirfear na bearta sin chun feidhme, cuirfear eintiteas nua, an Coimisiún Faisnéise, in ionad ICO. Ní athrófar ról agus feidhmeanna an rialtóra mar an t-údarás maoirseachta neamhspleách um chosaint sonraí sa Ríocht Aontaithe. Tugtar isteach leis an Acht freisin cumhachtaí forfheidhmiúcháin nua don rialtóir.

(14) Leis an gCinneadh seo, déantar measúnú ar fhorbairtí reachtacha, rialála agus eile atá ábhartha i leith na conclúide maidir leis an leibhéal cosanta arna ráthú ag an Ríocht Aontaithe arna déanamh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772. Leanann an measúnú arna dhéanamh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 de bheith bailí le haghaidh na ngnéithe sin de chreat cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe nár leasaíodh nó nach ndearnadh difear dóibh le forbairtí eile ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

(15) Déantar anailís ar na forbairtí reachtacha, rialála agus eile le déanaí go mion sna ranna seo a leanas ar bhonn an chaighdeáin leordhóthanachta, ar dá réir nach mór don Choimisiún a chinneadh cé acu a ráthaíonn nó nach ráthaíonn an tríú tír i gceist leibhéal cosanta 'arb ionann é go bunúsach' agus an leibhéal a áirithítear laistigh den Aontas Eorpach ([23]). Mar a shoiléirigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ní fhágann sin gur gá leibhéal comhionann cosanta a fháil ([24]). Go háirithe, na modhanna a mbaineann an tríú tír i gceist leas astu chun sonraí pearsanta a chosaint, is féidir go mbeidh siad éagsúil leis na modhanna a úsáidtear san Aontas, fad a bheidh siad, sa chleachtas, éifeachtach chun leibhéal leormhaith cosanta a áirithiú ([25]). Dá bhrí sin, ní cheanglaítear leis an gcaighdeán leordhóthanachta macasamhlú pointe go pointe ar rialacha an Aontais. Ina ionad sin, is éard atá á thástáil, trí shubstaint ceart cosanta sonraí agus a gcur chun feidhme, a maoirseacht agus a bhforfheidhmiú éifeachtach, cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear tríd an gcóras dlí eachtrach trí chéile an leibhéal cosanta a cheanglaítear ([26]).

([19]) Le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.gov.uk/government/publications/the-data-protection-fundamental-rights-and-freedoms-amendment-regulations-2023.

([20]) Coinníodh cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an Aontais i ndlí na Ríochta Aontaithe le Roinn 4 d'Acht an Aontais Eorpaigh (Tarraingt Siar) 2018, rud a aisghaireadh i ndeireadh 2023 le hAcht REUL.

([21]) Roinn 2(3) de na Rialacháin um Chosaint Sonraí (Cearta Bunúsacha agus Saoirsí) (Leasú), 2023.

([22]) Airteagail 6, 8, 10 agus 13 de ECHR (féach freisin Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Chearta an Duine 1998).

([23]) Aithris 104 de Rialachán (AE) 2016/679.

([24]) Cás C-362/14, *Schrems* ('*Schrems I*'), ECLI:EU:C:2015:650, mír 73.

([25]) *Schrems I*, mír 74.

([26]) Féach *Communication from the Commission to the European Parliament and the Council, Exchanging and Protecting Personal Data in a Globalised World* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Sonraí Pearsanta a Mhalartú agus a Chosaint sa Saol Domhandaithe], COM(2017)7, 10.1.2017, roinn 3.1, lgh. 6-7, le fáil ag an nasc seo a leanas: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52017DC0007&from=EN.

2.1.1. *Sainmhínithe*

(16) Leanann feidhm de bheith ag coincheapa cosanta sonraí bunúsacha, lena ndéantar téarmaíocht Rialachán (AE) 2016/679 a scáthánú, i gcóras cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe. Rinneadh measúnú ar na coincheapa sin in aithris 23 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

(17) Cé go bhfágann an tAcht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) go bhfuil formhór mór na sainmhínithe gan athrú, tugadh isteach leis sainmhínithe sonracha a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta chun críoch eolaíoch, stairiúil agus staidrimh in Airteagal 4 míreanna 2, 3, 4 agus 5 de RGCS ón Ríocht Aontaithe. Le mír 2 sainmhínítear 'próiseáil chun críoch eolaíoch' mar an phróiseáil sonraí pearsanta arna déanamh chun críoch aon taighde ar ar féidir tuairisc a dhéanamh go réasúnach mar thaighde eolaíoch. Is féidir go gcisteofar an taighde sin go poiblí nó go príobháideach agus is féidir go ndéanfar é mar ghníomhaíocht tráchtála nó neamhthráchtála. Agus a bhfuil in aithris 159 de Rialachán (AE) 2016/679 á léiriú, le mír 3 soláthraítear liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí de ghníomhaíochtaí taighde a cháilíonn mar chríocha eolaíocha a shaothrú, lena n-áirítear forbairt theicniúil, taisealbhadh, taighde bunúsach agus taighde feidhmeach. Le mír 4 soiléirítear go n-áirítear le 'taighde stairiúil' taighde ginealaigh, rud a aithnítear freisin mar chríoch stairiúil in aithris 160 de Rialachán (AE) 2016/679. Ar deireadh, le mír 5 sainítear próiseáil chun críoch staidrimh mar phróiseáil sonraí le haghaidh suirbhéanna staidrimh nó chun torthaí staidrimh a tháirgeadh, i gcás ina ndéantar na sonraí a chomhiomlánú a mhéid nach sonraí pearsanta atá iontu a thuilleadh. Thairis sin, níor cheart na sonraí próiseáilte ná an fhaisnéis a thagann as sin a úsáid chun cinntí a dhéanamh nó gníomhaíochtaí a dhéanamh atá dírithe ar aon duine aonair. Ailíníonn an sainmhíniú sin leis an tuiscint ar chríocha staidrimh a leagtar amach in aithris 162 de Rialachán (AE) 2016/679.

(18) Mar chonclúid, cé gurb amhlaidh leis na leasuithe ar Airteagal 4 de RGCS ón Ríocht Aontaithe a chuirtear isteach sainmhínithe sonracha ar phróiseáil sonraí chun críoch eolaíoch, stairiúil agus staidrimh, tá na sainmhínithe sin i gcomhréir le téacs agus meon Rialachán (AE) 2016/679, mar a léirítear sna haithrisí thuasluaite 159, 160, agus 162.

(19) Trí mhír 6 a chur le hAirteagal 4 de RGCS ón Ríocht Aontaithe, leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) bunaíodh creat sonrach freisin chun toiliú a fháil ón ábhar sonraí le haghaidh próiseáil sonraí pearsanta chun críoch eolaíoch. I dtéarmaí atá an-chomhchosúil le haithris 33 de Rialachán (AE) 2016/679, lena n-aithnítear gurb amhlaidh i réimse an taighde eolaíoch nach féidir toiliú a fháil i gcónaí chun críche próiseála shonraigh, leis an bhforáil nua déantar foráil maidir le cineálacha níos leithne toilithe trína cheadú gur féidir le hábhair sonraí toiliú bailí a thabhairt fiú amháin nuair nach féidir críocha beachta an taighde a shainaithint go hiomlán tráth an bhailiúcháin sonraí, ar choinníoll go bhfuil toiliú a lorg i gcomhréir le caighdeáin eiticiúla a aithnítear go ginearálta agus atá ábhartha maidir leis an réimse taighde sonrach. In aon chás, níor cheart an deis a bheith ag ábhair sonraí toiliú le próiseáil sonraí pearsanta ach amháin le haghaidh codanna sonracha den taighde, i gcás inar féidir.

(20) Ar deireadh, leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) mionsonraíodh a thuilleadh na coimircí a aimsíodh roimhe sin in Airteagal 89 de RGCS ón Ríocht Aontaithe agus i roinn 19 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 le haghaidh próiseáil sonraí chun cartlannú a dhéanamh, chun leas an phobail, ar chríocha taighde eolaíocha, stairiúla agus staidrimh i gCaibidil 8A nua de RGCS ón Ríocht Aontaithe ([27]). Tá na coimircí sin comhchosúil leo sin a cheanglaítear le hAirteagal 89 de Rialachán (AE) 2016/679 agus áirítear leo an ceanglas chun bearta teicniúla agus eagraíochtúla a sholáthar chun a áirithiú go ndéanfar prionsabal an íoslaghdaithe sonraí a urramú.

2.2. **Coimircí, cearta agus oibleagáidí**

2.2.1. *Dlíthiúlacht agus cothroime na próiseála*

(21) Le creat cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe leantar de bheith á cheangal go bpróiseálfar sonraí ar bhealach dleathach, cothrom agus dlisteanach, mar a mheasúnaítear in aithrisí 24 go 26 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

([27]) Airteagail 84A go 84D de RGCS na Ríochta Aontaithe, mar a tugadh isteach iad le Roinn 86 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

(22) Leantar de phrionsabail na dleathachta agus na cothroime agus na forais le haghaidh próiseáil dhleathach de bheith á ráthú i ndlí na Ríochta Aontaithe trí Airteagail 5(1)(a) agus 6(1) de RGCS ón Ríocht Aontaithe, mar a mheasúnaítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772. Cé go leanann na forálacha sin de bheith comhionann den chuid is mó ([28]) leis na forálacha faoi seach i Rialachán (AE) 2016/679, leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) leasaítear Airteagal 6(1) de RGCS ón Ríocht Aontaithe ar dtús trí fhoras dleathach breise a thabhairt isteach le haghaidh próiseáil sonraí pearsanta faoi Airteagal 6(1)(ea) ([29]). De réir na forála sin, beidh próiseáil dleathach más amhlaidh atá agus a mhéid atá 'gá leis sin chun críoch leasa dhlisteanaigh'. Murab ionann agus foras dlíthiúil an leasa dhlisteanaigh de bhun Airteagal 6(1)(f) de RGCS na Ríochta Aontaithe, leis an bhforas dlíthiúil maidir le leas dlisteanach aitheanta a tugadh isteach le déanaí ní cheanglaítear cothromú de réir an cháis ar leasanna dlisteanacha an rialaitheora in aghaidh leasanna nó chearta agus shaoirsí bunúsacha an ábhair sonraí, atá beartaithe cinnteacht dlíthiúil níos fearr a thabhairt do rialaitheoirí sonraí neamhphoiblí. Ina ionad sin, le hAirteagal 6(5) de RGCS ón Ríocht Aontaithe a tugadh isteach le déanaí, sonraítear nach bhfuil gá le próiseáil chun críoch leasa dhlisteanaigh ach amháin má chomhlíontar coinníoll in Iarscríbhinn 1 léi ([30]), lena liostaítear staideanna ansin ina meastar go bhfuil gá le próiseáil chun críoch leasa dhlisteanaigh aitheanta, mar shampla, i gcás ina dtarlaíonn sin mar fhreagra ar iarraidh arna fáil ag údarás poiblí a bhfuil gá aige leis na sonraí chun cúram a fheidhmiú, cúram arna dhéanamh chun leas an phobail ag a bhfuil bunús dlí lena gcomhlíontar Airteagal 6(3) de RGCS ón Ríocht Aontaithe, i gcás ina bhfuil gá le próiseáil chun slándáil náisiúnta a chosaint, slándáil phoiblí a chosaint nó chun críoch cosanta, chun freagairt d'éigeandáil, chun coireacht a bhrath, a imscrúdú nó a chosc nó chun daoine aonair leochaileacha a chosaint ([31]).

(23) Cé gurb amhlaidh leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain), dá réir sin, a dhéantar an liosta d'fhorais dhlíthiúla le haghaidh próiseáil sonraí pearsanta atá ar fáil don rialaitheoir a leathnú, tá an foras dlíthiúil a tugadh isteach le déanaí maidir le leas dlisteanach aitheanta faoi réir teorainneacha tábhachtacha éagsúla. Ar an gcéad dul síos, tá na leasanna dlisteanacha aitheanta teoranta do staideanna sonracha a liostaítear go huileghabhálach sa dlí. Ar an dara dul síos, ní féidir le húdaráis phoiblí a bheith ag brath ar an bhforas dlíthiúil sin agus a gcúraimí á bhfeidhmiú ([32]). Ar an tríú dul síos, ní bhaineann sin ach amháin le réimsí ina bhfuil leas poiblí soiléir sa ghníomhaíocht phróiseála (de réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 1), i.e. ina gcomhlíontar leis an bpróiseáil cuspóirí a liostaítear in Airteagal 23 de RGCS na Ríochta Aontaithe (a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2016/679) agus, dá réir sin, ní féidir a bheith ag brath air chun críoch tráchtála. Ar an gceathrú dul síos, cé gurb amhlaidh leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) a dheonaítear an ceart don Státrúnaí leasú a dhéanamh ar

([28]) Chun críoch soiléirithe, leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) tugtar isteach freisin in Airteagal 6 de RGCS ón Ríocht Aontaithe mír nua lena soláthraítear samplaí de chineálacha próiseála a fhéadfar a mheas go bhfuil gá leo chun críche leasa dhlisteanaigh de réir bhrí Airteagal 6(1)(f) de RGCS ón Ríocht Aontaithe. Luaitear na samplaí sin (margaíocht dhíreach, tarchur sonraí inghrúpa chun críoch riaracháin, agus slándáil líonraí agus córas faisnéise) freisin in aithrisí 47 agus 48 de Rialachán (AE) 2016/679 mar staideanna ina measfaí go bhfuil próiseáil chun leas dlisteanach an rialaitheora.

([29]) Roinn 70(2)(b) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain). Le Roinn 70(5) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) leathnaíodh an ceart chun agóid a dhéanamh in Airteagal 21 de RGCS na Ríochta Aontaithe chuig an Airteagal 6(1)(ea) nua de RGCS na Ríochta Aontaithe.

([30]) Roinn 70(4) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

([31]) Féach Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain). De réir údaráis na Ríochta Aontaithe, áirítear ar shamplaí de chásanna ina bhféadfadh sé go mbeadh ar chomhlachtaí neamhphoiblí sonraí pearsanta a phróiseáil chun coireacht a chosc nó a bhrath cuideachta a thagann ar an eolas faoi iarrachtaí chun a gcórais ríomhaireachta a haiceáil go neamhdhleathach, nó banc nó institiúid airgeadais a thagann ar an eolas faoi iarrachtaí calaoiseacha cuntas a oscailt. D'fhéadfadh sé gur ghá do chomhlacht neamhphoiblí sonraí pearsanta a phróiseáil, mar shampla, chun an tslándáil náisiúnta nó an chosaint náisiúnta a chosaint i gcás ina bhfuil amhras ar eagraíocht tráchtála gur léirigh gníomhaíocht ar líne custaiméara go raibh baint aige le gníomhaíocht sceimhlitheoireachta. Tá threoir shonrach á hullmhú ag ICO maidir leis an ábhar sin, lena n-áirítear sainmhíniú ar na coincheapa ábhartha. Mar shampla, tagraíonn sé don dóchúlacht go gcumhdófar le 'slándáil náisiúnta' slándáil agus folláine na Ríochta Aontaithe ina hiomláine, a daonra, a hinstitiúidí agus a córas rialtais. Féach an dréacht-treoir ICO maidir le leas dlisteanach aitheanta, mar a foilsíodh le haghaidh comhairliúchán poiblí, atá le fáil ag an nasc seo a leanas: https://ico.org.uk/for-organisations/recognised-legitimate-interest-guidance/.

([32]) Airteagal 6(1) an fhomhír dheireanach, arna leasú le Roinn 70(2)(c) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

an liosta in Iarscríbhinn 1 trí bhíthin Rialachán ([33]), ní fhéadfaidh an Státrúnaí Rialachán den sórt den a dhéanamh ach amháin tar éis dó dul i mbun comhairliúcháin le ICO ([34]) agus leas dlisteanach aitheanta a chur leis an liosta sin ach amháin i gcás ina bhfuil gá leis an bpróiseáil sin arís chun cuspóir leasa phoiblí a liostaítear in Airteagal 23(1)(c) go (j) de RGCS na Ríochta Aontaithe a chosaint ([35]). Ar deireadh, mar a dheimhnítear freisin le treoraíocht ICO ([36]), ceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí a bhraitheann ar leas dlisteanach aitheanta mar bhunús dlí gach ceanglas eile faoi RGCS na Ríochta Aontaithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear a áirithiú go bhfuil an phróiseáil riachtanach agus comhréireach chun an leas dlisteanach a bhaint amach.

(24) Ar an dara dul síos, leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) soiléirítear in Airteagal 6(3), Airteagal 9(2)(g) agus Airteagal 10(1) de RGCS na Ríochta Aontaithe, a chomhfhreagraíonn d'fhorálacha Rialachán (AE) 2016/679 faoi seach, gurb amhlaidh maidir leis an mbunús le haghaidh próiseáil sonraí pearsanta, catagóirí speisialta de shonraí pearsanta agus sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe agus cionta coiriúla i gcomhréir le hoibleagáid dhlíthiúil nó chun cúram a fheidhmiú chun leas an phobail, is féidir bunús a bheith aige ní hamháin sa dlí intíre, ach freisin sa dlí idirnáisiúnta ábhartha ([37]). Tá an dlí ábhartha teoranta ansin le hAirteagal 9A de RGCS na Ríochta Aontaithe a tugadh isteach le déanaí, i gcomhar le Sceideal A1, do chomhaontú aonair amháin, is é sin an Comhaontú idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le Rochtain ar Shonraí Leictreonacha chun Cur i gCoinne na Coireachta Tromchúisí, rud a síníodh an 3 Deireadh Fómhair 2019 (an Comhaontú idir an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe) ([38]). Maidir leis na coimircí dá bhforáiltear leis an gComhaontú sin rinneadh measúnú orthu in aithrisí 153 go 155 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 agus déantar anailís ar a gcur chun feidhme in aithrisí 87 go 93 den Chinneadh seo.

2.2.2. *Próiseáil catagóirí sonracha de shonraí pearsanta*

(25) Le creat cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe leantar d'fhoráil a dhéanamh maidir le coimircí sonracha i gcás ina bhfuil baint ag catagóirí sonracha de shonraí, mar a mheasúnaítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) aithrisí 27 go 42 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

(26) An sainmhíniú ar chatagóirí speisialta de shonraí pearsanta agus na rialacha sonracha lena bhfuil feidhm maidir le próiseáil na gcatagóirí sonraí sin in RGCS na Ríochta Aontaithe agus san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, leanann siad araon de bheith i bhfeidhm. An tráth céanna, leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) tugtar cumhachtaí déanta rialachán nua don Státrúnaí chun catagóirí speisialta de shonraí a chur isteach, chun na coinníollacha atá infheidhme maidir lena n-úsáid a chur in oiriúint, agus chun sainmhínithe nua a chur isteach, más gá ([39]). Rud atá tábhachtach, ní cheadaítear don Státrúnaí na catagóirí speisialta de shonraí atá ann cheana a bhaint nó a leasú, ná athrú a dhéanamh ar na coinníollacha chun na catagóirí sin a phróiseáil ([40]). Dá réir sin, leis an gcumhacht déanta rialachán a tugadh isteach le déanaí ní dhéantar ach amháin é a chur ar a chumas don Rialtas catagóirí nua de shonraí íogaire a chur isteach agus cinneadh a dhéanamh maidir leis na coinníollacha chun na catagóirí sin a phróiseáil, rud a bheartaítear chun a cheadú don Rialtas freagairt d'fhorbairtí teicneolaíocha agus sochaíocha amach anseo i gcás inar gá.

(27) Dá bhrí sin, leis na leasuithe sin ní dhéantar difear don leibhéal cosanta le haghaidh catagóirí speisialta de shonraí pearsanta a shuitear gurb ionann í go bunúsach agus an chosaint laistigh den Aontas i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

([33]) Roimh Rialacháin a leagan síos, ní mór don Státrúnaí aird a thabhairt ar éifeachtaí aon athraithe ar leasanna agus cearta agus saoirsí bunúsacha ábhar sonraí, agus ar an bhfíoras gurb amhlaidh atá cosaint shonrach dlite do leanaí (i gcás inarb ábhartha) maidir lena sonraí pearsanta. Ní mór na rialacháin a dhéanamh le hionstraim reachtúil agus tá siad faoi réir an nóis imeachta dhearfaigh um réiteach díospóide, rud a chiallaíonn nach mór do Pharlaimint na Ríochta Aontaithe iad a fhormheas go gníomhach. Roinn 70(4), fomhír 8, den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

([34]) Roinn 182(2) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

([35]) Roinn 70(4), fomhír 9, den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

([36]) Féach treoraíocht ICO maidir le leasanna dlisteanacha, atá le fáil ag an nasc seo a leanas: https://ico.org.uk/for-organisations/uk-gdpr-guidance-and-resources/lawful-basis/a-guide-to-lawful-basis/legitimate-interests/?q=appropriate+policy.

([37]) Roinn 72 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

([38]) An Comhaontú idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le Rochtain ar Shonraí Leictreonacha chun Cur i gCoinne Coireacht Thromchúiseach, le fáil ag an nasc seo a leanas: https://assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/836969/CS_USA_6.2019_Agreement_between_the_United_Kingdom_and_the_USA_on_Access_to_Electronic_Data_for_the_Purpose_of_Countering_Serious_Crime.pdf.

([39]) Roinn 74 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain). Tá na rialacháin sin faoi réir an nóis imeachta um rún dearfach, rud a chiallaíonn go n-éilíonn siad formheas gníomhach ó Pharlaimint na Ríochta Aontaithe lena n-aghaidh.

([40]) Féach Airteagal nua 11A(1)(b) agus (2) ó RGCS ón Ríocht Aontaithe, chomh maith leis na Nótaí Míniúcháin a ghabhann leis an mBille Sonraí (Úsáid agus Rochtain), mír 571, le fáil ag an nasc seo a leanas: https://publications.parliament.uk/pa/bills/cbill/59-01/0179/en/240179en.pdf.

2.2.3. *Teorannú de réir cuspóra*

(28) Le córas na Ríochta Aontaithe le haghaidh cosaint sonraí pearsanta leantar dá cheangal go bpróiseáiltear sonraí chun críche sonraí agus, ina dhiaidh sin, nach n-úsáidtear iad ach amháin a mhéid atá an méid sin ag luí le cuspóir bunaidh na próiseála, mar a mheasúnaítear in aithrisí 43 go 48 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

(29) Ar an gcéad dul síos, leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) déantar beagán leasuithe spriocdhírithe ar phrionsabal an teorannaithe de réir cuspóra a leagtar amach in Airteagal 5(1)(b) de RGCS ón Ríocht Aontaithe. Leis na leasuithe sin soiléirítear cur i bhfeidhm an phrionsabail sin gan an tsubstaint a athrú. Le Roinn 71(1), (2) agus (3) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) sonraítear go bhfuil feidhm ag prionsabal an teorannaithe de réir cuspóra i gcás ina mbailítear sonraí ón ábhar sonraí nó ar shlí eile, nach bhfuil feidhm aige ach amháin i gcás ina ndéanann an rialaitheoir céanna sonraí pearsanta a phróiseáil a thuilleadh nó ina ndéantar sin thar a cheann nó thar a ceann (i.e. nach bhfuil feidhm aige i gcás ina n-athraítear an rialaitheoir), agus nach bhfuil an phróiseáil dleathach de bhua í a bheith comhoiriúnach leis na críocha ar lena n-aghaidh a bailíodh na sonraí pearsanta agus dá bhua sin amháin.

(30) Ar an dara dul síos, leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) soiléirítear na rialacha maidir sonraí pearsanta a phróiseáil a thuilleadh trína n-athghrúpáil in Airteagal 8A a cuireadh isteach le déanaí in RGCS ón Ríocht Aontaithe, lena leagtar amach an córas iomlán chun sonraí pearsanta a phróiseáil a thuilleadh. Le hAirteagal 8A(2) ó RGCS ón Ríocht Aontaithe liostaítear na heilimintí atá le cur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil críoch phróiseála nua ag luí leis an gcríoch bhunaidh. Liostaítear na heilimintí sin roimhe sin in Airteagal 6(4) ó RGCS ón Ríocht Aontaithe, a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2016/679 ([41]). Le hAirteagal 8A(3) de RGCS ón Ríocht Aontaithe athghrúpáiltear i bhforáil amháin na staideanna ina bhfuiltear le déileáil le próiseáil sonraí pearsanta chun críche nua mar a bheith ag luí leis an gcuspóir bunaidh. Cumhdaítear leis sin staideanna ina dtoilíonn an t-ábhar sonraí le próiseáil sonraí pearsanta chun na críche nua nó ina bhfuil gá le próiseáil chun cuspóir a liostaítear in Airteagal 23(1) a chosaint ([42]), i gcás ina ndéantar an phróiseáil chun críoch taighde eolaíoch nó stairiúil, cartlannú a dhéanamh chun leas an phobail nó chun críoch staidrimh ([43]). Ar deireadh, leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) soiléirítear go meastar go bhfuil aon phróiseáil a dhéantar chun a áirithiú go gcomhlíonfar le próiseáil na prionsabail maidir le cosaint sonraí a leagtar amach in Airteagal 5(1) de RGCS ón Ríocht Aontaithe, nó lena léirítear go ndéantar amhlaidh léi, ag luí leis an gcríoch bhunaidh. Leanann na staideanna thuasluaite de bheith ag comhfhreagairt dá mheastar a bheith i gceist le tuilleadh próiseáil chomhoiriúnach freisin i Rialachán (AE) 2016/679.

(31) Ar an tríú dul síos, leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) tugtar isteach freisin in Airteagal 8A(3)(d) ó RGCS ón Ríocht Aontaithe staideanna breise nua ina meastar go bhfuil sonraí pearsanta a phróiseáil a thuilleadh chun críche nua ag luí leis an gcríoch bhunaidh. Liostaítear na staideanna sin in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le RGCS ón Ríocht Aontaithe ([44]) agus áirítear orthu, mar shampla, i gcás ina dtarlaíonn an phróiseáil mar fhreagairt ar iarraidh arna fáil ag údarás poiblí a bhfuil gá aige leis na sonraí chun cúram arna dhéanamh chun leas an phobail agus ag a bhfuil bunús dlí lena gcomhlíontar Airteagal 6(3) de RGCS ón Ríocht Aontaithe a fheidhmiú, i gcás ina bhfuil gá le próiseáil chun slándáil phoiblí a chosaint, chun freagairt d'éigeandáil, chun coireacht a bhrath, a imscrúdú nó a chosc, chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí agus daoine eile a chosaint, chun daoine aonair a chosaint, chun críoch cánach nó más gá chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh ([45]).

(32) Cé gurb amhlaidh, dá réir sin, a leathnaítear leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) an liosta staideanna ina meastar go bhfuil tuilleadh próiseála chun críche eile ag luí leis an gcuspóir próiseála bunaidh, tá an síneadh sin faoi réir teorainneacha tábhachtacha. Ar an gcéad dul síos, tá sé teoranta do staideanna sonracha a liostaítear ar bhealach uileghabhálach sa dlí. Ar an dara dul síos, ní bhaineann sé ach amháin le réimsí ina bhfuil leas poiblí soiléir sa ghníomhaíocht phróiseála, i.e. ina gcomhlíontar le tuilleadh próiseála cuspóirí a liostaítear in Airteagal 23

([41]) Amhail i Rialachán (AE) 2016/679, ar na heilimintí sin áirítear aon nasc idir an chríoch bhunaidh agus nua, an comhthéacs inar bailíodh na sonraí pearsanta, lena n-áirítear an caidreamh idir an t-ábhar sonraí agus an rialaitheoir, cineál na próiseála agus cé acu a áirítear nó nach n-áirítear catagóirí speisialta sonraí léi, iarmhairtí féideartha na próiseála beartaithe le haghaidh an ábhair sonraí, agus coimircí iomchuí a bheith ann.

([42]) Féach freisin Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2016/679.

([43]) Aithris 50 de Rialachán (AE) 2016/679.

([44]) Tugtar isteach Iarscríbhinn 2 in RGCS na Ríochta Aontaithe trí Sceideal 5 a ghabhann leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain), féach Roinn 71(6) den Acht sin.

([45]) Féach Sceideal 5 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

RGCS ón Ríocht Aontaithe (a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2016/679). Ní féidir, dá réir sin, a bheith ag brath air sin chun críoch tráchtála. Ar an tríú dul síos, cé gurb amhlaidh leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) a dheonaítear an ceart don Státrúnaí leasú a dhéanamh ar an liosta in Iarscríbhinn 2 trí Rialachán ([46]), ní fhéadfaidh an Státrúnaí cineálacha próiseála a chur leis an liosta sin ach amháin i gcás ina bhfuil gá leis an bpróiseáil sin arís chun cuspóir leasa phoiblí a liostaítear in Airteagal 23(1)(c) go (j) de RGCS na Ríochta Aontaithe a chosaint ([47]). Ar an gceathrú dul síos, i gcás ina bhfuil an bailiú sonraí pearsanta arna dhéanamh ag an rialaitheoir bunaithe ar thoiliú an ábhair sonraí, ní mheastar go bhfuil próiseáil chun críche nua sna staideanna a liostaítear in Iarscríbhinn 2 ag luí leis an gcuspóir bunaidh mura féidir coinne a bheith leis le réasún go bhfaighidh an rialaitheoir toiliú nua ón ábhar sonraí ([48]).

2.2.4. *Cearta aonair*

(33) Faoi chreat na Ríochta Aontaithe maidir le cosaint sonraí pearsanta, leanann ábhair sonraí de bheith ag tairbhiú de na cearta aonair céanna atá acu faoi Rialachán (AE) 2016/679 gan aon mhodhnú suntasach ([49]) is féidir a fhorfheidhmiú in aghaidh an rialaitheora nó an phróiseálaí, go háirithe an ceart chun rochtain a fháil ar shonraí, an ceart chun agóid a dhéanamh in aghaidh na próiseála agus an ceart go ndéanfaí ceartú agus léirscriosadh ar shonraí, mar a mheasúnaítear in aithrisí 51 go 54 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

(34) Ar an gcéad dul síos, leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) soiléirítear módúlachtaí áirithe faoinar féidir na cearta sin a fheidhmiú. Ar thaobh amháin, sonraítear leis, trí leasú ar Airteagal 12 agus trí Airteagal 12A nua a thabhairt isteach in RGCS ón Ríocht Aontaithe ([50]), na teorainneacha ama ar laistigh díobh is gá do rialaitheoirí freagairt d'iarrataí an ábhair sonraí. Ar bhealach níos sonraí, leasaítear Airteagal 12 de RGCS ón Ríocht Aontaithe ar bhealach a fhágann nach gceanglaítear ar an rialaitheoir a thuilleadh faisnéis a sholáthar maidir leis an ngníomhaíocht a rinneadh (nó maidir leis na cúiseanna nach ndearnadh aon ghníomhaíocht) mar fhreagra ar iarraidh ó ábhar sonraí i gcomhréir le hAirteagail 15 go 22 de RGCS ón Ríocht Aontaithe 'laistigh de 1 mhí amháin ón iarraidh a fháil,' ach seachas sin ceanglaítear air nó uirthi déanamh amhlaidh 'roimh dheireadh na tréimhse ama is infheidhme'. Sainmhínítear an tréimhse ama is infheidhme a thuilleadh in Airteagal 12A a tugadh isteach le déanaí in RGCS ón Ríocht Aontaithe mar thréimhse 1 mhí amháin dar tús an tráth ábhartha, arb é sin an tráth a fhaigheann an rialaitheoir an iarraidh, a fhaigheann an rialaitheoir aon fhaisnéis a iarrtar i dtaca le hiarraidh faoi Airteagal 12(6) de RGCS ón Ríocht Aontaithe, nó a bheidh táille a gearradh i dtaca leis an iarraidh faoi Airteagal 12(5) ó RGCS ón Ríocht Aontaithe íoctha, cibé acu is déanaí ([51]). Le hAirteagal 12A(3) ceadaítear a thuilleadh don rialaitheoir síneadh 2 mhí eile a chur leis an tréimhse ama is infheidhme i gcás inar gá sin de dheasca chastacht na n-iarrataí arna ndéanamh ag an ábhar sonraí, nó líon na n-iarrataí sin. Ar an lámh eile, maidir leis an gceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis agus sonraí pearsanta, leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) leasaítear Airteagal 15 de RGCS na Ríochta Aontaithe, chun an soiléiriú arna fhorbairt faoin gcásdlí náisiúnta reatha a ionchorprú – ag tarraingt ar phrionsabal na comhréireachta faoi dhlí an Aontais nach gá do rialaitheoirí ach cuardaigh réasúnacha agus chomhréireacha a dhéanamh ar fhaisnéis agus sonraí pearsanta a iarradh ([52]). Tá coinne leis go léireofar an fhoráil nua i gcomhréir leis an gcásdlí atá ann cheana, lena bhforáiltear '[…] gurb é an rud a mheastar sa chleachtadh comhréireachta cuspóir deiridh an chuardaigh, is é sin an tairbhe a d'fhéadfadh a bheith ann don ábhar sonraí dá soláthrófaí an fhaisnéis, i gcomparáid leis na modhanna trína bhfaightear an fhaisnéis sin. Ceist a bheidh ann le haghaidh meastóireachta i ngach cás ar leith an mbeidh iarracht dhíréireach i gceist maidir leis an bhfaisnéis a aimsiú agus a sholáthar i gcomparáid leis na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint léi don ábhar sonraí' ([53]).

([46]) Airteagal 8A(5) de RGCS na Ríochta Aontaithe, mar a tugadh isteach le Roinn 71(1) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

([47]) Airteagal 8A(6) de RGCS na Ríochta Aontaithe, mar a tugadh isteach le Roinn 71(1) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

([48]) Airteagal 8A(4)(b) ó RGCS na Ríochta Aontaithe, mar a tugadh isteach le Roinn 71(1) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

([49]) Le roinn 31 d'Acht na nÍospartach agus na bPríosúnsach, 2024 (Acht VAP) cuireadh isteach foras breise sa cheart go ndéanfaí léirscriosadh dá bhforáiltear le hAirteagal 17 de RGCS ón Ríocht Aontaithe, agus an ceart á sholáthar d'ábhair sonraí chun a iarraidh go léirscriosfadh rialaitheoirí sonraí a sonraí pearsanta nuair a bheidís próiseáilte de dheasca líomhain gan bhunús faoin ábhar sonraí arna déanamh ag duine mailíseach. Meastar gur duine 'mailíseach' é nó í duine má ciontaíodh é nó í i gcion a shonraítear i roinn 31(3) d'Acht VAP (amhail ciapadh) nó má tá sé nó sí faoi réir ordú cosanta ar stalcaireacht. Tá Acht VAP le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2024/21/contents. Ina theannta sin, le Roinn 77 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) leasaítear an ceart chun faisnéise dá bhforáiltear le hAirteagal 13 de RGCS na Ríochta Aontaithe ar bhealach a fhágann nach gceanglaítear ar an rialaitheoir a thuilleadh an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoina chuid nó faoina cuid sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil a thuilleadh chun críche nua más éard atá i gceist leis an gcríoch sin críoch taighde eolaíoch nó stairiúil, cartlannú chun leas an phobail nó críoch staidrimh, go bhfuil an phróiseáil á déanamh i gcomhréir leis na coimircí sonracha a leagtar amach in Airteagal 84B nua ó RGCS na Ríochta Aontaithe, agus go mbeadh soláthar na faisnéise dodhéanta nó díréireach.

([50]) Roinn 76 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

([51]) Airteagal 12A(1) agus (2) de RGCS na Ríochta Aontaithe, mar a tugadh isteach le Roinn 76 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

([52]) Airteagal 15(1A) de RGCS na Ríochta Aontaithe, mar a tugadh isteach le Roinn 78 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

([53]) Dawson-Dammer v Taylor Wessing LLP [2017] EWCA Civ 74.

(35) Dá bhrí sin, cé go bhfuil na teorainneacha ama chun freagairt d'iarrataí ó na hábhair sonraí agus na hoibleagáidí sonracha ar rialaitheoirí sonraí maidir leis an gceart rochtana faoi réir rialacha níos mionsonraithe, leanann córas na Ríochta Aontaithe dá áirithiú gur déileáladh le hiarrataí ó ábhair sonraí i dtréimhsí ama réasúnacha a shainítear ar bhonn tosca oibiachtúla. Thairis sin, tá oibleagáidí substainteacha an rialaitheora agus é nó í ag freagairt d'iarrataí ar rochtain leagtha amach ar bhonn caighdeáin dlí bhunaithe lena gcuirtear san áireamh freisin leasanna an ábhair sonraí. Ar deireadh, tá sé leagtha amach cheana féin sa treoraíocht ICO atá ann faoi láthair nach gceanglaítear ar rialaitheoir cuardaigh a dhéanamh a bheadh míréasúnta nó díréireach leis an tábhacht a bhaineann le rochtain ar an bhfaisnéis a sholáthar ([54]).

(36) Maidir leis na srianta ar na cearta aonair sin a leagtar amach san Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus a thagann faoi chuimsiú Airteagal 23 de RGCS ón Ríocht Aontaithe, chomh maith leis na teorainneacha agus leis na coimircí lena leagtar amach cur i bhfeidhm na srianta sin, leanann siad de bheith i bhfeidhm i gcreat na Ríochta Aontaithe ([55]) mar a thuairiscítear go mion in aithrisí 55 go 67 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

(37) Go sonrach, maidir leis an srian le haghaidh sonraí pearsanta a phróiseáiltear chun rialú éifeachtach ar inimirce a choinneáil ar bun, nó gníomhaíochtaí a imscrúdú nó a brath, gníomhaíochtaí lena mbainfí an bonn de rialú éifeachtach ar inimirce, a mhéid ar dhócha go ndéanfaí dochar le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin d'aon cheann de na hábhair sin (an díolúine inimirce) ([56]), leasaigh Rialtas na Ríochta Aontaithe mír 4 de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 trí Rialacháin an Achta um Chosaint Sonraí, 2018 (Leasú ar Dhíolúintí Sceideal 2), 2022 ([57]), agus Rialacháin an Achta um Chosaint Sonraí, 2018 (Leasú ar Dhíolúintí Sceideal 2), 2024 ([58]), lena gcomhlánaítear Rialacháin 2022 ([59]). Leis na leasuithe déantar na coimircí chun an díolúine inimirce a fheidhmiú, a cheanglaítear le hAirteagal 23(2) de RGCS ón Ríocht Aontaithe, a chomhtháthú i Mír 4A agus 4B de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Go háirithe, (i) ceanglaítear leo nach mór an díolúine inimirce a agairt ach amháin de réir an cháis, ar leithligh i leith gach ceann de na forálacha ábhartha in RGCS na Ríochta Aontaithe agus as an nua gach tráth a mheasann an Státrúnaí gan aon cheann de na forálacha ábhartha in RGCS na Ríochta Aontaithe a chur i bhfeidhm nó a shriantar sin ([60]), (ii) ceanglaítear leo go gcuirfear cearta agus saoirsí agus leochaileachtaí féideartha an ábhair sonraí san áireamh agus an díolúine inimirce á feidhmiú ([61]), (iii) ceanglaítear leo ar an Státrúnaí taifead a choimeád ar úsáid na díolúine inimirce agus an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoina húsáid (seachas in imthosca sonracha ina ndéanfaí dochar do chuspóir na díolúine de dheasca na faisnéise) ([62]), agus (iv) soiléirítear leo go bhfuil úsáid na díolúine inimirce srianta do phróiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag an Státrúnaí ([63]), is é sin, i gcleachtadh, ag an Oifig Bhaile dá cuid feidhmeanna atá ábhartha do mhír 4(1) de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Ina theannta sin, mínítear leo freisin an cleachtadh cothromaíochta nach mór tabhairt faoi agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh cé acu is dócha nó nach dócha go ndéanfar dochar do rialú éifeachtach ar inimirce de dheasca feidhmiú ceart ábhar sonraí, agus más gá, agus más comhréireach, na cearta sin a shrianadh dá thoradh sin.

([54]) Le fáil ag an nasc seo a leanas: https://ico.org.uk/for-organisations/uk-gdpr-guidance-and-resources/individual-rights/right-of-access/how-do-we-find-and-retrieve-the-relevant-information/.

([55]) Le Roinn 88(2) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) déantar modhnú beag ar roinn 26(2)(f) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (an díolúine maidir le slándáil náisiúnta agus cosaint), lena soiléirítear nach bhfuil an ceart chun gearán a thaisceadh leis an gCoimisinéir de bhun Airteagal 77 de RGCS na Ríochta Aontaithe mar chuid de na forálacha ar féidir a gcur i bhfeidhm a shrianadh chun críoch slándála náisiúnta nó cosanta.

([56]) Nuair a glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, níor socraíodh bailíocht ná léirmhíniú na díolúine inimirce faoi dhlí na Ríochta Aontaithe, tar éis cinneadh ó Chúirt Achomhairc Shasana agus na Breataine Bige an 26 Bealtaine 2021 lenar suíodh nach raibh an díolúine inimirce, mar a bhí san Acht um Chosaint Sonraí, 2018 an tráth sin, ag luí le dlí na Ríochta Aontaithe, ós rud é nach raibh forálacha sonracha inti lena leagtar amach na coimircí a liostaítear in Airteagal 23(2) de RGCS na Ríochta Aontaithe, lena léirítear Airteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2016/679. Ar an gcúis sin, maidir le sonraí pearsanta a aistríodh chun críoch rialaithe ar inimirce na Ríochta Aontaithe, nó a thagann ar shlí eile faoi raon feidhme na díolúine inimirce, eisíodh iad ó raon feidhme Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

([57]) Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm an 31 Eanáir 2022 agus tá siad le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.legislation.gov.uk/uksi/2022/76/contents/made.

([58]) Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm an 8 Márta 2024 agus tá siad le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.legislation.gov.uk/uksi/2024/342/contents/made.

([59]) Rinneadh agóid arís i gcoinne na díolúine inimirce arna hathbhreithniú trí Rialacháin 2022 trí athbhreithniú breithiúnach, ar an mbonn nár comhlíonadh ceanglais uile Airteagal 23(2) de RGCS ón Ríocht Aontaithe léi. I mí na Nollag 2023, shuigh an Chúirt Achomhairc nach raibh sí ag luí le ceanglais Airteagal 23(2) de RGCS ón Ríocht Aontaithe. De thoradh an bhreithiúnais sin, le Rialacháin 2024 forlíontar Rialacháin 2022 agus déantar tuilleadh leasuithe ar an díolúine inimirce.

([60]) Mír 4A (2) de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

([61]) Mír 4AB (3) agus (4) de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Chuathas i gcomhairle le hOifig an Choimisinéara maidir le dréacht-Rialacháin 2024 agus luaigh sí go poiblí go raibh sí sásta leis an rialachán. Tá an litir a foilsíodh mar fhreagra ar an gcomhairliúchán agus lenar deimhníodh a tuairim le fáil ag an nasc seo a leanas: https://ico.org.uk/about-the-ico/media-centre/news-and-blogs/2024/02/ico-responds-to-home-office-s-draft-regulations-to-the-immigration-exemption/.

([62]) Mír 4AB(1) agus (2) de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

([63]) Mír 4(1) de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

(38) Thairis sin, d'eisigh ICO na Ríochta Aontaithe treoraíocht mhionsonraithe maidir le húsáid an tsriain shonraigh sin ([64]). Leis an treoraíocht sonraítear an méid seo, go háirithe: 'Níor cheart duit an díolúine inimirce a chur i bhfeidhm mar dhíolúine iomlán chun cearta [….] a shrianadh le haghaidh na sonraí uile a choinníonn tú. Tá raon feidhme na díolúine teoranta do na cearta sin lena ndéanfaí dochar, dá bhfeidhmeofaí iad le haghaidh na sonraí a choinnítear, do na críocha inimirce sainaitheanta. […]. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh réamhshocraithe an rialaitheora ceanglais Rialacháin (AE) 2016/679 agus an Achta um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh a mhéid is féidir. […] Tá tairseach ard ag an tástáil dochair agus níor cheart duit an díolúine a chur i bhfeidhm ar bhealach iomlán. […] Ní mór duit a mheas cé acu atá nó nach bhfuil cur i bhfeidhm na díolúine ina fhreagra comhréireach ar iarraidh an duine aonair ar chosaint sonraí. Is féidir go measfaidh tú go bhfuil géarghá sóisialta ann an díolúine inimirce a chur i bhfeidhm, ach ní mór duit a chur san áireamh freisin cé acu is troime sin ná d'oibleagáid i leith daoine aonair faoi Rialachán (AE) 2016/679. Tá cearta acu i leith a sonraí pearsanta nach mór duit a mheas sna himthosca uile, go háirithe, an ceart rochtana. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbreithníonn tú, i ngach cás, cé acu a sháraítear nó nach sáraítear an riosca dochair sainaitheanta le cearta cosanta sonraí an duine aonair. Ní mór an cur i bhfeidhm a dhéanann tú maidir leis an díolúine a bheith comhréireach leis na himthosca agus ní mór duit gach cás a mheas agus a dhoiciméadú go cúramach.'

(39) Ar an iomlán, maidir leis an srian imirce dá bhforáiltear i Mír 4 de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 arna athbhreithniú ag Rialtas na Ríochta Aontaithe in 2022 agus 2024 agus arna léirmhíniú leis an gcásdlí ([65]) agus le treoraíocht ICO, tá sé faoi réir roinnt coinníollacha dochta lena leagtar amach a chur i bhfeidhm agus atá an-chosúil leis na coinníollacha a leagtar síos i ndlí an Aontais, go háirithe Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2016/679, chun cearta cosanta sonraí a shrianadh, chomh maith le hoibleagáidí le haghaidh cuspóirí leasa phoiblí tábhachtacha, amhail rialú ar inimirce.

2.2.5. *Srianta ar aistrithe ar aghaidh*

(40) Maidir leis an leibhéal cosanta a thugtar do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas Eorpach chuig rialaitheoirí nó próiseálaithe sa Ríocht Aontaithe, leantar de gan an bonn a bhaint de trí na sonraí sin a aistriú a thuilleadh chuig faighteoirí i dtríú tír. Leanann an córas maidir le haistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta ón Ríocht Aontaithe de bheith an-ghar de na rialacha a leagtar amach i gCaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679, mar a mheasúnaítear in aithrisí 74 go 82 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

(41) Cé gurb amhlaidh a leasaíodh leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) Caibidil 5 de RGCS ón Ríocht Aontaithe maidir le haistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, coinnítear ann an príomhcheanglas nach féidir sonraí pearsanta a aistriú ach amháin chuig tríú tír nó eagraíochtaí idirnáisiúnta i gcás ina bhfuil an t-aistriú sin bunaithe (i) ar rialacháin lena bhformheastar an t-aistriú (téarmaíocht nua do ní dar gaireadh 'rialacháin leordhóthanachta' roimhe sin), (ii) ar choimircí iomchuí, nó (iii) ar mhaolú le haghaidh staideanna sonracha. Léirítear na prionsabail ghinearálta sin maidir le haistrithe sonraí in Airteagal 44A nua, lena n-ionadaítear Airteagal 44 de RGCS ón Ríocht Aontaithe ([66]), lena sonraítear freisin nach gceadaítear aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin má dhéantar an t-aistriú i gcomhréir le forálacha eile RGCS ón Ríocht Aontaithe.

(42) Maidir leis na rialacháin lena bhformheastar aistriú go sonrach, sonraítear in Airteagal 45A(2) de RGCS na Ríochta Aontaithe nach bhféadfaidh an Státrúnaí na rialacháin sin a dhéanamh ach amháin má mheasann sé go gcomhlíontar an tástáil cosanta sonraí. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an fhéidearthacht, a tugadh isteach in Airteagal 45A(3) de RGCS na Ríochta Aontaithe, go bhféadfaidh an Státrúnaí a inmhianaithe atá sé sreafaí sonraí a éascú a chur san áireamh agus rialacháin den sórt sin á ndéanamh, faoi réir an choinníll i gcónaí go gcomhlíontar an tástáil cosanta sonraí. Leagtar amach an caighdeán dlí atá le comhlíonadh le haghaidh na tástála cosanta sonraí in Airteagal 45B(1) de RGCS na Ríochta Aontaithe a tugadh isteach le déanaí, lena gceanglaítear nach mbeidh an caighdeán cosanta le haghaidh ábhair sonraí i dtíortha is faighteoirí nó in eagraíochtaí idirnáisiúnta níos ísle, go hábhartha, ná an caighdeán a sholáthraítear le haghaidh ábhair sonraí faoi reachtaíocht cosanta sonraí ábhartha na Ríochta Aontaithe. Le hAirteagal 45B(2) de RGCS na Ríochta Aontaithe, déantar foráil maidir le liosta neamh-uileghabhálach d'eilimintí atá le meas agus measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar an tástáil, amhail meas ar an smacht reachta agus ar chearta an duine, údarás cosanta sonraí a bheith ann agus a chumhachtaí, na socruithe le haghaidh sásamh breithiúnach nó neamhbhreithiúnach, na rialacha maidir le haistriú

([64]) Le fáil ag an nasc seo a leanas: https://ico.org.uk/for-organisations/uk-gdpr-guidance-and-resources/exemptions/immigration-exemption-a-guide/.

([65]) *Open Rights Group agus Eile, R (Ar Iarratas Uathu) v An Státrúnaí don Roinn Gnóthaí Baile agus Anor* [2019] EWHC 2562 (Riarachán), míreanna 40 agus 41.

([66]) Roinn 85 agus Sceideal 7 a ghabhann leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

sonraí pearsanta ón tír nó arna dhéanamh ag an eagraíocht chuig tíortha eile nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, oibleagáidí idirnáisiúnta ábhartha na tíre nó na heagraíochta, agus bunreacht, traidisiúin agus cultúr na tíre nó na heagraíochta. Cé go ndéantar an liosta d'eilimintí ábhartha dá bhforáiltear faoi Airteagal 45 mar a bhí de RGCS na Ríochta Aontaithe a athfhoirmliú, le hAirteagal 45B(2) nua coinnítear príomheilimintí an liosta sin agus, dá bhrí sin, leanann sé de bheith gar don mhéid dá bhforáiltear i gCaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679. Thairis sin, dheimhnigh údaráis na Ríochta Aontaithe go gcuirfidh an Státrúnaí san áireamh eilimintí nach liostaítear in Airteagal 45B(2), amhail na dlíthe agus na cleachtais i dtríú tír a bhaineann leis an gcaoi a bhfaigheann údaráis phoiblí rochtain ar shonraí pearsanta chun críoch amhail an tslándáil náisiúnta nó forfheidhmiú an dlí, a mhéid a dhéanann siad difear don chaighdeán foriomlán cosanta. Ina theannta sin, measann údaráis na Ríochta Aontaithe go mbeidh an cásdlí ábhartha sin sa tríú tír ina chuid fhíor-riachtanach de bhreithniú na n-ábhar a liostaítear go neamh-uileghabhálach in Airteagal 45B(2) de RGCS na Ríochta Aontaithe.

(43) Tá rialacháin lena bhformheastar aistriú fós faoi réir na gceanglas nós imeachta 'ginearálta' dá bhforáiltear i Roinn 182 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, mar a leagtar amach in aithris 77 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772. Faoin nós imeachta sin, ní mór don Státrúnaí dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir Faisnéise agus é á mholadh aige rialacháin leordhóthanachta na Ríochta Aontaithe a ghlacadh ([67]). A luaithe a ghlacfaidh an Státrúnaí iad, leagtar na rialacháin sin faoi bhráid na Parlaiminte agus faoi réir an nós imeachta 'rún diúltach' faoinar féidir leis an dá Theach Parlaiminte grinnscrúdú a dhéanamh ar na rialacháin agus a bheith in ann tairiscint a rith ag neamhniú na rialachán laistigh de thréimhse 40 lá ([68]).

(44) Maidir le coimircí iomchuí, le mír nua Airteagal 46 (1A) de RGCS na Ríochta Aontaithe, leagtar amach nach bhféadfar dul ar aghaidh leis na haistrithe sin ach amháin má dhéantar foráil maidir le coimircí ábhartha sna hionstraimí atá ar fáil de bhun Airteagal 46(2) agus (3) ([69]) de RGCS na Ríochta Aontaithe agus go measann an rialaitheoir, an próiseálaí, nó na húdaráis phoiblí is infheidhme, ag gníomhú dóibh go réasúnach agus go comhréireach, go gcomhlíontar an tástáil cosanta sonraí. Le míreanna 6 agus 7 a cuireadh isteach le déanaí, soiléirítear go gcomhlíontar an tástáil cosanta sonraí más rud é, mar gheall ar na coimircí a cheanglaítear, nach bhfuil an caighdeán cosanta a sholáthraítear le haghaidh ábhair sonraí níos ísle go hábhartha tar éis an aistrithe ná an caighdeán faoi reachtaíocht cosanta sonraí ábhartha na Ríochta Aontaithe, i.e. mar is amhlaidh atá an cás faoi Rialachán (AE) 2016/679, tá feidhm ag na caighdeáin dlí chéanna maidir le rialacháin lena bhformheastar aistriú agus coimircí iomchuí. De réir na míre céanna, tá a bhfuil réasúnach agus comhréireach le cinneadh trí thagairt a dhéanamh d'imthosca uile, nó imthosca dóchúla, an aistrithe nó an chineáil aistrithe, lena n-áirítear cineál agus méid na sonraí pearsanta arna n-aistriú.

(45) Maidir le maoluithe le haghaidh staideanna sonracha, in Airteagal 49 de RGCS ón Ríocht Aontaithe, i ndáil leis na coinníollacha faoinar bhféadfar maoluithe le haghaidh staideanna sonracha a chur i bhfeidhm, tugtar isteach roinnt leasuithe teicniúla lena n-ailínítear an fhoráil le hathruithe i bhforálacha eile, ach nach ndéantar difear leo don leibhéal cosanta le haghaidh sonraí pearsanta sa Ríocht Aontaithe. Ina theannta sin, cuirtear mír 4A nua isteach chun aithris a dhéanamh ar éifeacht 18(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, lena ndéantar an t-údarás a dheonú don Státrúnaí chun go sonrófar, le rialacháin, na himthosca le haghaidh aistrithe sonraí a mheastar is gá ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail. Ar deireadh, le hAirteagal 49A nua déantar aithris ar éifeacht roinn 18(2) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, lena dtugtar isteach cumas an Státrúnaí, trí rialacháin, chun srianta a fhorchur ar aistrithe sonraí i gcás nach bhformheastar iad sin faoi Airteagal 45A (aistrithe a fhormheastar le rialacháin) agus nuair a mheastar gur gá sin ar chúiseanna leasa phoiblí tábhachtacha.

(46) Ó thaobh chur chun feidhme rialacha aistrithe idirnáisiúnta na Ríochta Aontaithe, rinneadh forbairtí éagsúla ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

([67]) Féach an Meabhrán Tuisceana idir Státrúnaí na Roinne Gnóthaí Digiteacha, Cultúir, Meán agus Spóirt agus Oifig an Choimisinéara Faisnéise maidir le ról ICO i ndáil le measúnú leordhóthanachta nua na Ríochta Aontaithe, atá le fáil ag an nasc seo a leanas https://www.gov.uk/government/publications/memorandum-of-understanding-mou-on-the-role-of-the-ico-in-relation-to-new-uk-adequacy-assessments.

([68]) Má ritear vóta den sórt sin, scoirfidh na rialacháin ar deireadh d'aon éifeacht dhlíthiúil eile a bheith acu.

([69]) Is éard atá i gceist leis an ionstraim aistrithe atá ar fáil de bhun Airteagal 46(2) agus (3) de RGCS ón Ríocht Aontaithe ionstraimí infhorfheidhmithe atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus atá infhorfheidhmithe idir údaráis phoiblí nó comhlachtaí, rialacha corparáideacha ceangailteacha i gcomhréir le hAirteagal 47 de RGCS ón Ríocht Aontaithe, clásail cosanta sonraí chaighdeánacha a shonraítear i rialacháin arna ndéanamh ag an Státrúnaí nó atá sonraithe i ndoiciméad arna eisiúint ag an gCoimisiún Faisnéise, cód iompair formheasta agus sásra deimhniúcháin formheasta.

(47) Maidir le rialacháin lena bhformheastar aistrithe, glacadh dhá rialachán nua go dtí seo, lena scáthánaítear cinntí leordhóthanachta atá i bhfeidhm freisin laistigh den Aontas, i.e. le haghaidh aistrithe chuig Poblacht na Cóiré agus le haghaidh aistrithe chuig eintitis tráchtála lenar cloíodh le Leathnú na Ríochta Aontaithe leis an gCreat Cosanta Sonraí idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe. Tháinig na rialacháin leordhóthanachta le haghaidh Phoblacht na Cóiré ([70]) i bhfeidhm an 19 Nollaig 2022 agus ceadaítear leo aistriú sonraí pearsanta ón Ríocht Aontaithe chuig Poblacht na Cóiré. Le Leathnú na Ríochta Aontaithe leis an gCreat Cosanta Sonraí idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe, ar lena aghaidh a tháinig na rialacháin ábhartha ([71]) i bhfeidhm an 12 Deireadh Fómhair 2023, déantar foráil maidir le saorshreabhadh sonraí pearsanta chuig eagraíochtaí deimhnithe na Stát Aontaithe.

(48) Maidir le coimircí iomchuí, d'fhoilsigh an Ríocht Aontaithe a clásail cosanta sonraí chonarthacha chaighdeánacha féin, an Comhaontú maidir le hAistrithe Sonraí Idirnáisiúnta (IDTA) ([72]), agus Aguisín a ghabhann le Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha an Aontais (SCCanna), agus tháinig an dá cheann acu in éifeacht i mí an Mhárta 2022. Déantar foráil in IDTA maidir le sásra atá sonrach le haghaidh na Ríochta Aontaithe chun coimircí iomchuí a áirithiú le haghaidh aistriú sonraí pearsanta agus comhroinntear leis cosúlachtaí éagsúla le SCCanna an Aontais. Leis an Aguisín, arna eisiúint ag ICO, cuirtear é ar a gcumas do rialaitheoirí agus próiseálaithe sa Ríocht Aontaithe a bheith ag brath ar SCCanna an Aontais faoi RGCS ón Ríocht Aontaithe le haghaidh aistrithe idirnáisiúnta. D'eisigh ICO freisin Uirlis Measúnaithe Riosca Aistrithe chun tacú le heagraíochtaí na Ríochta Aontaithe meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí atá bainteach le haistrithe idirnáisiúnta.

(49) Rinne an Ríocht Aontaithe cuíchóiriú freisin ar an bpróiseas formheasta le haghaidh Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha (BCRanna) trí threoraíocht nua agus roghanna nua chun BCRanna a fhormheas. I mí Iúil 2022, d'fhoilsigh ICO treoraíocht agus táblaí tagracha chun míniú a thabhairt ar chur chuige na Ríochta Aontaithe maidir le BCRanna tar éis Brexit, agus, i mí na Nollag 2023, foilsíodh Aguisín a ghabhann le BCRanna an Aontais Eorpaigh chun a áirithiú go mbeidh BCRanna a fhormheastar faoi chreat an Aontais infhorfheidhmithe sa Ríocht Aontaithe ([73]).

(50) Ar deireadh, i mí Iúil 2023, tháinig an Ríocht Aontaithe chun bheith ina comhalta comhlach den Fhóram Domhanda maidir le Rialacha Príobháideachais Trasteorann ([74]). Rud atá tábhachtach, níl baint ag an mballraíocht sin le haon éascaíocht ar aistrithe sonraí ón Ríocht Aontaithe chuig comhaltaí eile d'Fhóram CBPR. Shoiléirigh an Ríocht Aontaithe gurb amhlaidh maidir le haon aistriú a dhéantar ar shonraí pearsanta ón Ríocht Aontaithe chuig tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta is gá na coinníollacha a leagtar amach i reachtaíocht na Ríochta Aontaithe a chomhlíonadh, mar a thuairiscítear thuas, go háirithe an tástáil cosanta sonraí, lena gceanglaítear nach mbeidh na caighdeáin chosanta a thugtar 'níos ísle go hábhartha' ná na cinn faoi RGCS ón Ríocht Aontaithe.

(51) Mar atá mínithe ag an gCoimisiún cheana féin, ní áirithíonn CBPRanna leibhéal leordhóthanach cosanta le haghaidh sonraí pearsanta de thionscnamh an Aontais. Go háirithe, ní dhéanann sé foráil maidir le cearta aonair infhorfheidhmithe ([75]). Tá sé thar a bheith tábhachtach, dá bhrí sin, fiú más comhalta comhlach í an Ríocht Aontaithe san Fhóram Domhanda maidir le CBPR, nach féidir le CBPR a bheith ina shásra aistrithe bailí faoi dhlí cosanta sonraí na Ríochta Aontaithe. Dá dtiocfadh athrú air sin, bhainfí an bonn den leibhéal cosanta a ráthaítear faoi láthair le haghaidh sonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas chuig an Ríocht Aontaithe. Dá bhrí sin, leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán dlúth a dhéanamh ar aon fhorbairt bhreise maidir leis sin.

([70]) Le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.legislation.gov.uk/uksi/2022/1213/made.

([71]) Le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.legislation.gov.uk/uksi/2023/1028/made.

([72]) Le fáil ag an nasc seo a leanas: https://ico.org.uk/for-organisations/uk-gdpr-guidance-and-resources/international-transfers/international-data-transfer-agreement-and-guidance/.

([73]) Fuair ICO líon suntasach d'iarratais BCR ón Ríocht Aontaithe tar éis Brexit. Níorbh fhéidir roinnt mhaith BCRanna formheasta a úsáid a thuilleadh, ós rud é nárbh fhéidir leanúint d'úsáid a bhaint as BCRanna tar éis Brexit ach amháin i gcás ina raibh baint ag ICO le próiseas formheasta BCR ach ceanglaíodh ar na sealbhóirí BCR sin doiciméadacht BCR a bhí comhlíontach le RGCS ón Ríocht Aontaithe, a tugadh cothrom le dáta, a chur faoi bhráid ICO.

([74]) Tá Fóram CBRP comhdhéanta de Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada, an tSeapáin, Poblacht na Cóiré, na hOileáin Fhilipíneacha, Singeapór, an Téaváin agus an Astráil, agus tá Oileán Mhuirís, Lárionad Airgeadais Idirnáisiúnta Dubai agus Beirmiúda ina gcomhaltaí comhlacha amhail an Ríocht Aontaithe.

([75]) Féach, mar shampla, an anailís chomparáideach a rinne Údaráis Cosanta Sonraí G7 maidir le croí-eilimintí scéim deimhniúcháin RGCS agus chóras CBPR, inar léiríodh 'difríochtaí suntasacha' idir na córais lena n-áirítear maidir le 'in-fhorfheidhmitheacht agus sásamh dlíthiúil, rialacha maidir le maoirseacht neamhspleách agus rochtain rialtais). Le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.garanteprivacy.it/web/guest/home/docweb/-/docweb-display/docweb/10063165.
Féach aithris 79 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/419 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2019 de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta ag an tSeapáin faoin Acht um Fhaisnéis Phearsanta a Chosaint (IO L 76, 19.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/419/oj).
Féach freisin Airteagal 29 Meitheal, Tuairim 02/2014 maidir le tagairt do cheanglais maidir le Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha arna gcur faoi bhráid Údaráis Cosanta Sonraí náisiúnta san Aontas Eorpach agus Rialacha Príobháideachais Trasteorann arna gcur faoi bhráid Ghníomhairí Cuntasachta CBPR de chuid APEC, 6 Márta 2014.

2.2.6. *Cinnteoireacht uathoibrithe*

(52) Agus roinnt eilimintí de na rialacha maidir le cinnteoireacht uathoibrithe á gcoinneáil a ndearnadh measúnú orthu in aithris 54 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 tá leasú déanta ag an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) ar roinnt gnéithe de na rialacha sin.

(53) Ar an gcéad dul síos, le hAirteagal 22B de RGCS na Ríochta Aontaithe a tugadh isteach le déanaí, bunaítear toirmeasc ginearálta ar phróiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta (a shainmhínítear le hAirteagal 9(1) de RGCS na Ríochta Aontaithe) le haghaidh cinntí atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe agus uirthi sin amháin lena mbaineann iarmhairtí dlíthiúla nó tionchair atá suntasach ar bhealach comhchosúil don ábhar sonraí. Mar sin féin, tá trí eisceacht ar an toirmeasc sin: i gcás inar thug an t-ábhar sonraí toiliú sainráite do phróiseáil den sórt sin; nó i gcás inar gá an cinneadh chun conradh a dhéanamh nó a chomhlíonadh, ar conradh idir an rialaitheoir agus an t-ábhar sonraí é; nó inar riachtanach nó údaraithe leis an dlí é. Maidir leis an dá eisceacht deiridh, ní mór gá a bheith leis an bpróiseas uathoibrithe ar chúiseanna leas substaintiúil an phobail ([76]). Níl feidhm ag an toirmeasc ginearálta maidir le cinntí suntasacha atá bunaithe ar uathphróiseáil catagóirí neamhspeisialta sonraí.

(54) Ina theannta sin, le hAirteagal 22A nua de RGCS na Ríochta Aontaithe soiléirítear an sainmhíniú ar chinneadh atá 'bunaithe ar an bpróiseáil uathoibrithe, agus uirthi sin amháin' trí fhoráil a dhéanamh gur cinneadh é cinneadh den sórt sin nach mbíonn aon bhaint ag daoine sa phróiseas cinnteoireachta. Is den tábhacht é gur gá do rialaitheoirí measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuireann próifíliú le cinneadh lena fháil amach an raibh baint bhríomhar dhaonna leis. Le hAirteagal 22A de RGCS na Ríochta Aontaithe soiléirítear gur 'cinneadh suntasach' é cinneadh lena mbaineann iarmhairtí dlíthiúla nó tionchair atá suntasach ar bhealach comhchosúil d'ábhar sonraí ([77]).

(55) Ar an dara dul síos, sainordaítear le hAirteagal 22C a tugadh isteach le déanaí de RGCS na Ríochta Aontaithe do rialaitheoirí bearta a chur chun feidhme chun na coimircí ábhartha a chur ar fáil le haghaidh aon cinneadh suntasach atá bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar shonraí pearsanta agus bunaithe ar an bpróiseáil uathoibrithe agus air sin amháin (lena n-áirítear catagóirí neamhspeisialta sonraí pearsanta). Ní mór a áireamh leis na coimircí sin faisnéis a chur ar fáil don ábhar sonraí faoin bpróiseas cinnteoireachta, rud a cheadaíonn don ábhar sonraí cur in aghaidh an chinnidh agus uiríll a dhéanamh, agus a áirithíonn gur féidir leis an ábhar sonraí idirghabháil dhaonna a fháil sa phróiseas cinnteoireachta ([78]).

(56) Ar deireadh, le hAirteagal nua 22D de RGCS na Ríochta Aontaithe a tugadh isteach le déanaí, tugtar an t-údarás don Státrúnaí reachtaíocht thánaisteach a dhéanamh chun tuairisc a thabhairt ar a bhfuil i gceist le rannpháirtíocht fhóinteach an duine, agus ar an méid nach bhfuil i gceist léi, agus ar na cinntí a mheasfar, agus nach measfar a bhfuil éifeachtaí díobhálacha suntasacha chomhchosúil acu ar ábhair sonraí. Cuireann sé ar a chumas don Státrúnaí freisin reachtaíocht thánaisteach a dhéanamh chun (i) coimircí nua a chur leis; (ii) ceanglais a fhorchur lena bhforlíontar na coimircí atá ann cheana; agus (iii) bearta a shainiú nach gcomhlíonann na coimircí ([79]). Rud atá tábhachtach, sula nglacfar rialacháin i gcomhréir le hAirteagal 22D de RGCS na Ríochta Aontaithe, ní mór don Státrúnaí dul i gcomhairle le ICO ([80]), ní fhéadfaidh rialacháin leasú a dhéanamh ar Airteagal 22C de RGCS na Ríochta Aontaithe ([81]), agus tá rialacháin faoi réir an nós imeachta um réiteach dearfach ([82]), rud a chiallaíonn nach mór do dhá Theach Pharlaimint na Ríochta Aontaithe iad a fhormheas sula bhféadfar iad a achtú.

(57) Cé go bhfuil modhnú dá réir sin déanta ag an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) ar an gcreat don chinnteoireacht uathoibrithe, is den tábhacht a thabhairt faoi deara faoi chreat dlíthiúil na Ríochta Aontaithe go leanann an chinnteoireacht uathoibrithe faoi réir na bpríomhchoimircí lena gceanglaítear an ceart chun idirghabháil dhaonna a fháil i ngach cás ina ndéantar cinntí suntasacha bunaithe ar an gcinnteoireacht uathoibrithe amháin, i.e. ar bhunús phróiseáil sonraí pearsanta íogaire agus neamhíogaire ([83]). Ina theannta sin, mar a thug an Coimisiún dá

([76]) Airteagal 22B de RGCS na Ríochta Aontaithe, arna thabhairt isteach le roinn 80(1) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).
([77]) Airteagal 22A de RGCS na Ríochta Aontaithe, arna thabhairt isteach le roinn 80(1) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).
([78]) Airteagal 22C de RGCS na Ríochta Aontaithe, arna thabhairt isteach le roinn 80(1) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).
([79]) Airteagal 22D de RGCS na Ríochta Aontaithe, arna thabhairt isteach le roinn 80(1) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain). Aon rialachán a dhéantar faoi na cumhachtaí sin, tagann sé faoi réir an nóis imeachta maidir le rún dearfach, lena n-áirithítear formhaoirseacht pharlaiminteach. Ní féidir na ceanglais a chuirtear ar fáil le hAirteagal 22C a leasú leis na rialacháin.
([80]) Roinn 182(2) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.
([81]) Airteagal 22D(4) de RGCS na Ríochta Aontaithe.
([82]) Airteagal 22D(5) de RGCS na Ríochta Aontaithe.
([83]) Airteagal 22C(2) ó de RGCS na Ríochta Aontaithe, mar a tugadh isteach le roinn 80(1) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

aire i gcinntí roimhe seo maidir le leormhaitheas ([84]), ní dócha go ndéanfaidh na rialacha sonracha maidir le cinnteoireacht uathoibrithe in RGCS na Ríochta Aontaithe difear don leibhéal cosanta a thugtar do shonraí pearsanta arna n-aistriú ón Aontas chuig an Ríocht Aontaithe. A mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta atá bailithe san Aontas, is ag an rialaitheoir san Aontas (ag a bhfuil caidreamh díreach leis an ábhar sonraí lena mbaineann) a dhéanfar aon chinneadh de ghnáth a bheidh bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe agus bíonn an cinneadh sin faoi réir rialacha Rialachán (AE) 2016/679 dá réir.

2.3. **Formhaoirseacht agus forfheidhmiú**

2.3.1. *Formhaoirseacht Neamhspleách*

(58) Sa Ríocht Aontaithe, leanann údarás neamhspleách formhaoirseachta um chosaint sonraí ar aghaidh ag déanamh formhaoirsiú agus forfheidhmiú ar chomhlíonadh na cosanta sonraí, mar a ndéantar anailís air in aithrisí 85 agus 91 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772. Leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain), déantar struchtúr rialachais an údaráis sin a athchóiriú trí chomhlacht corparáideach a bhunú, an Coimisiún Faisnéise, a thiocfaidh in ionad ICO, a bhí struchtúrtha mar chorparáid aonair.

(59) Go sonrach, leis na bearta rialachais a leagtar amach san Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain), nuair a chuirfear chun feidhme iad, cuirfear deireadh le hoifig an Choimisinéara Faisnéise agus aistreofar na feidhmeanna, an fhoireann agus an mhaoin ón ICO chuig an gcomhlacht nua, an Coimisiún Faisnéise. Tá an Coimisiún Faisnéise comhdhéanta de chomhaltaí feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin ([85]). Déantar foráil leis an Acht freisin go n-aistreoidh an Coimisinéir Faisnéise ról Chathaoirleach an Choimisiúin Faisnéise, atá ar dhuine de na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ([86]). Déantar foráil bhreise san Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) maidir lena mhéid is iomchuí de dhroim an aistrithe feidhmeanna, caithfear le tagairtí don Choimisinéir Faisnéise i ngach achtachán nó doiciméid eile (cibé uair a ritear nó a dhéantar iad) mar thagairtí don Choimisiún Faisnéise. Chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún coistí a bhunú agus feidhmeanna a tharmligean chuig comhalta, fostaí nó coiste den Choimisiún ([87]), agus féadfaidh sé socruithe a dhéanamh chun a nós imeachta agus nós imeachta na gcoistí a rialáil, lena n-áirítear maidir le córam agus cinntí a dhéanamh trí thromlach. Ní mór na nósanna imeachta sin a chur ar fáil go poiblí ([88]).

(60) Is den tábhacht é go bhfuil neamhspleáchas an Choimisiúin Faisnéise faoi réir na gcoimircí céanna, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an rialacha maidir le ceapachán agus dífhostú an Chathaoirligh, agus na cinn ar a ndearnadh measúnú in aithrisí 87 go 90 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 ([89]). Tá feidhm ag cosaintí comhchosúla maidir le comhaltaí neamhfheidhmiúcháin eile an Choimisiúin Faisnéise. Go háirithe, is í a Shoilse a cheapann Cathaoirleach an Choimisiúin Faisnéise ar mholadh ón Státrúnaí. Tá sé nó sí le roghnú ar bhonn fiúntais agus ar bhonn comórtas cothrom oscailte ([90]). Is é an Státrúnaí a cheapann na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin eile tar éis dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach. Ní féidir iarrthóirí a mholadh lena gceapadh nó a cheapadh ach amháin má roghnaítear iad ar bhonn fiúntais de bhun comórtas cothrom oscailte agus má tá an Státrúnaí sásta nach bhfuil coinbhleacht leasa acu ([91]). Na comhaltaí feidhmiúcháin, is fostaithe de chuid an Choimisiúin Faisnéise iad atá fostaithe ar théarmaí agus ar choinníollacha arna gcinneadh ag na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ([92]). Is iad an Cathaoirleach agus comhaltaí neamhfheidhmiúcháin eile a cheapann an Príomhfheidhmeannach, tar éis dul i gcomhairle leis an Státrúnaí. Chomh maith leis sin, tá ceapacháin na gcomhaltaí feidhmiúcháin faoi réir roghnú ar bhonn fiúntais ar bhonn comórtas cothrom oscailte ([93]).

(61) Ní fhéadfar an Cathaoirleach a chur ó oifig ach amháin ag A Shoilse ar Aitheasc ón dá Theach Parlaiminte agus ach amháin má tá tuarascáil curtha ag an Státrúnaí faoi bhráid an Tí sin ina shonraítear go bhfuil an Státrúnaí sásta go bhfuil an cathaoirleach ciontach i mí-iompar tromchúiseach, go bhfuil coinbhleacht leasa aige, gur theip air

([84]) Féach mar shampla aithris 94 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/419 agus aithris 81 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/254 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta ag Poblacht na Cóiré faoin Acht um Chosaint Faisnéise Pearsanta (IO L 44, 24.2.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/254/oj).

([85]) Mír 3(1) de Sceideal 12A a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

([86]) Ranna 117, 118, 119 agus 120 in éineacht le Sceideal 14 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

([87]) Míreanna 13 agus 14 de Sceideal 12A a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

([88]) Mír 16 de Sceideal 12A a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

([89]) Airteagal 52 de RGCS na Ríochta Aontaithe, chomh maith le Sceideal 12A de den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, mar a tugadh isteach iad le roinn 114A den Bhille Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

([90]) Míreanna 5(1) agus 3(2) de Sceideal 12A a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

([91]) Mír 3(2), agus míreanna 5 agus 6 de Sceideal 12A a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

([92]) Mír 11 de Sceideal 12A a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

([93]) Mír 5(2) de Sceideal 12A a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

ceanglais shonracha faisnéise a chomhlíonadh i ndáil le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, nó nach bhfuil sé in ann, inniúil ná toilteanach feidhmeanna an chathaoirligh a chur i gcrích ([94]). Ní fhéadfaidh an Státrúnaí comhaltaí neamhfheidhmiúcháin a chur as oifig ach amháin má tá sé nó sí sásta go gcomhlíontar na coinníollacha sonracha a leagtar amach sa reachtaíocht. Áirítear orthu sin coinbhleacht leasa, mí-iompar tromchúiseach nó a bheith neamhábalta, neamhthoiliúil nó neamhoiriúnach chun a ndualgais a chomhlíonadh. I dtéarmaí coimircí breise, ceanglaítear ar an Státrúnaí an cinneadh sin a phoibliú agus ráiteas ar na cúiseanna lena chur as oifig a thabhairt don chomhalta ([95]).

(62) Is é príomhról leanúnach an Choimisiúin Faisnéise é leanúint d'fhaireachán agus d'fhorfheidhmiú a dhéanamh ar an gcreat cosanta sonraí sa Ríocht Aontaithe 'd'fhonn cearta agus saoirsí bunúsacha' daoine aonair a chosaint' ([96]). A mhéid a bhaineann le feidhm an Choimisiúin Faisnéise leibhéal iomchuí cosanta a fháil le haghaidh sonraí pearsanta, éilítear go sonrach leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Sonraí) go mbeidh ar an gCoimisiún Faisnéise féachaint do leasanna na n-ábhar sonraí, rialaitheoirí agus daoine eile, do chúrsaí leasa phoiblí ghinearálta, agus chun iontaoibh agus muinín an phobail i bpróiseáil sonraí pearsanta a chur chun cinn ([97]). Luaitear na cuspóirí sin freisin in aithris 7 de Rialachán (AE) 2016/679.

(63) Ina theannta sin, sonraítear san Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) go mbreithneoidh an Coimisiún Faisnéise cur chun cinn na nuálaíochta agus na hiomaíochta, a thábhachtaí atá sé cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh, an gá atá leis an tslándáil phoiblí agus an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus na riachtanais shonracha a bhaineann le leanaí a chosaint agus a fheidhm á comhlíonadh aige faoin reachtaíocht maidir le cosaint sonraí ([98]). Aithníonn dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí freisin an gá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir cosaint sonraí pearsanta agus roinnt cearta bunúsacha eile, agus cuspóirí, amhail an dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta, an tslándáil agus an ceartas, agus tsaoirse fiontraíochta ([99]).

2.3.2. *Forfheidhmiú, lena n-áirítear smachtbhannaí*

(64) Leanann cumhachtaí agus cúraimí an Choimisiúin Faisnéise ar aghaidh ag teacht leo siúd de chuid údaráis mhaoirseachta um chosaint sonraí de chuid na mBallstát de bhun na n-airteagal ábhartha de Rialachán (AE) 2016/679 ([100]), mar a mheasúnaítear in aithrisí 91 go 95 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

(65) Tá soiléirithe áirithe tugtha isteach leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) maidir le cleachtadh roinnt de na cumhachtaí sin.

(66) Ar lámh amháin, leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Sonraí) soiléirítear go bhféadfaidh an Coimisiún 'doiciméid' agus 'faisnéis' shonrach a éileamh agus an chumhacht um fhógra faisnéise á húsáid aige ([101]). Ar an lámh eile, tugtar isteach dhá oibleagáid tuairiscithe nua don Choimisiún Faisnéise leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain): cumhacht nua chun tuarascáil a éileamh ([102]) agus cumhacht nua chun 'fógraí agallaimh' a eisiúint chuig rialaitheoirí i gcás ina bhfuil amhras ann gur sáraíodh RGCS na Ríochta Aontaithe nó an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 ([103]).

([94]) Mír 7(6) agus (7) de Sceideal 12A a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.
([95]) Míreanna 9(6), (7), (8) agus (9) de Sceideal 12A a ghabhann leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.
([96]) Airteagal 51 de RGCS na Ríochta Aontaithe.
([97]) Roinn 91 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain), lena dtugtar isteach Roinn 120A den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.
([98]) Roinn 91 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain), lena dtugtar isteach Roinn 120B den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) tugtar isteach roinn nua 120C san Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ina gceanglaítear ar an gCoimisiún Faisnéise straitéis a ullmhú agus a fhoilsiú, ina léirítear, i measc nithe eile, an bealach ina measfaidh sé na saincheisteanna thuasluaite agus an conas a chuirfidh sé an fás eacnamaíoch chun cinn agus a chuid feidhmeanna rialála á gcleachtadh.
([99]) Féach, go sonrach, aithrisí 2 agus 4 chomh maith le hAirteagal 23 de Rialachán (AE) 2016/679.
([100]) Airteagail 57 agus 58 de RGCS na Ríochta Aontaithe.
([101]) Roinn 97 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain), lena leasaítear Roinn 142 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Tá an machnamh ar thionchar na teicneolaíochta agus ar ról na cosanta sonraí chun iontaoibh sa gheilleagar digiteach a chruthú ina chuid de ghníomhaíochtaí na rialaitheoirí cosanta sonraí sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas Eorpach araon. Féach, mar shampla, tuarascáil bhliantúil an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí 2024, leathanach 12: 'Is comhlacht comhoibríoch dinimiciúil é EDPB a fheidhmíonn ról ríthábhachtach chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na ndlíthe cosanta sonraí ar fud na hEorpa a áirithiú. Ó mo thaobhsa de mar Leas-Chathaoirleach, feicim é mar chaomhnóir ar chearta príobháideachais daoine aonair, agus éilimh na nuálaíochta agus an fháis eacnamaíoch á gcothromú le chéile.'
([102]) Roinn 98 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain), lena leasaítear Roinn 146 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.
([103]) Roinn 100 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain), arna thabhairt isteach le Roinn 148A den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

(67) A mhéid a bhaineann le cleachtadh na gcumhachtaí sin ag an gCoimisiún Faisnéise, ó tháinig i bhfeidhm Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, tá an Coimisiún Faisnéise tar éis tuairim is 40 000 gearán a láimhseáil ó ábhair sonraí in aghaidh na bliana, atá comhchosúil leis an méid gearán a láimhseáladh nuair a bhí an Ríocht Aontaithe fós ina ballstát den Aontas agus Rialachán (AE) 2016/679 á cur i bhfeidhm aici ([104]). Tá ICO tar éis imscrúduithe ex officio a dhéanamh freisin inar clúdaíodh réimse leathan saincheisteanna earnála agus comhlíontachta, lena n-áirítear cearta na n-ábhar sonraí ([105]).

(68) I dtéarmaí bearta forfheidhmithe, ó tháinig Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 i bhfeidhm, d'eisigh an Coimisinéir 120 iomardú, 32 fhógra faisnéise, 3 fhógra measúnaithe, 12 fhógra forfheidhmithe, 2 rabhadh, agus 12 fhíneáil ([106]). Áirítear sa mhéid sin pionóis shuntasacha airgeadaíochta a ghearrtar faoi GDPR na Ríochta Aontaithe agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Mar shampla, d'eisigh an Coimisinéir Faisnéise fíneáil GBP 12,7 milliún i mí Aibreáin 2023 ar ardán meán sóisialta as sonraí leanaí a mhí-úsáid ([107]). I mí an Mhárta 2025, gearradh fíneáil GBP 3,07 milliún ar chuideachta bogearraí as teipeanna slándála a chuir faisnéis phearsanta níos mó ná 70 000 duine i mbaol ([108]). Le fíor-dhéanaí, i mí an Mheithimh 2025, ghearr an Coimisinéir Faisnéise fíneáil GBP 2,31 milliún ar chuideachta tástála géinitíi as mainneachtain chun bearta slándála iomchuí a chur chun feidhme chun faisnéis phearsanta úsáideoirí na Ríochta Aontaithe a chosaint, tar éis cibear-ionsaí mórscála in 2023 ([109]).

(69) Ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, tá líon mór treoirlínte, tuairimí agus doiciméid treorach eile forbartha agus foilsithe ag an gCoimisinéir Faisnéise, ina soiléirítear cur i bhfeidhm na rialacha cosanta sonraí i limistéir thábhachtacha, amhail aithint aghaidhe, cothroime san intleacht shaorga, sonraí leanaí, margaíocht dhíreach, faireachas físeáin, an ceart rochtana, trédhearcacht sa chúram sláinte agus sóisialta etc., le haghaidh lucht spéise difriúil, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, eintitis shonracha amhail scoileanna, naíonraí nó údaráis phoiblí bheaga, chomh maith le gnólachtaí i gcoitinne, an pobal i gcoitinne nó ábhair sonraí ([110]).

3. FORBAIRTÍ ÁBHARTHA MAIDIR LE ROCHTAIN AGUS ÚSÁID SONRAÍ PEARSANTA A AISTRÍONN ÚDARÁIS PHOIBLÍ SA RÍOCHT AONTAITHE ÓN AONTAS EORPACH

3.1. Creat dlíthiúil ginearálta

(70) Leanann an Ríocht Aontaithe de bheith ina ballstát de Chomhairle na hEorpa, de chloí leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus de bheith faoi réir dhlínse na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Leanann sí dá bhrí sin de bheith faoi réir na n-oibleagáidí a dhaingnítear sa dlí idirnáisiúnta ar a dtugtar tuairisc in aithrisí 116 go 119 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, atá mar chúlra dá córas rochtana rialtais ar shonraí pearsanta ar bhunús prionsabal, coimircí agus ceart aonair atá comhionann leo siúd ag a bhfuil feidhm maidir leis na 27 mBallstát mar pháirtí in ECHR agus atá, den chuid is mó, léirithe sa chásdlí ábhartha de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

(71) Leanann coimircí agus cearta sonracha cosanta sonraí á ráthú leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 nuair a phróiseálann údaráis phoiblí na Ríochta Aontaithe na sonraí, lena n-áirítear próiseáil comhlachtaí forfheidhmithe dlí agus slándála náisiúnta, arna n-anailísiú in aithrisí 121 go 132 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772. Ní dhearnadh ach leasuithe teoranta spriocdhírithe leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) ar na codanna sin den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 lena gcuirtear na rialacha ar fáil maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an dlí choiriúil (Cuid 3 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018) agus na slándála náisiúnta (Cuid 4 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018).

([104]) Tuarascáil Bhliantúil an Choimisinéara Faisnéise ó 2021-2022, 2022-2023, agus 2023-2024. Féach freisin Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, aithris 96.

([105]) Tuarascáil Bhliantúil an Choimisinéara Faisnéise ó 2023-2024, lch. 41.

([106]) Tuarascáil Bhliantúil an Choimisinéara Faisnéise ó 2021-2022, 2022-2023, agus 2023-2024.

([107]) Le tuilleadh faisnéise a fháil fúthu sin agus faoi ghníomhartha forfheidhmithe eile, féach suíomh gréasáin ICO, atá le fáil ag an nasc seo a leanas: https://ico.org.uk/action-weve-taken/enforcement/.

([108]) Tá faisnéis bhreise le fáil ag an nasc seo a leanas: https://ico.org.uk/action-weve-taken/enforcement/2025/03/advanced-computer-software-group-limited/.

([109]) Tá faisnéis bhreise le fáil ag an nasc seo a leanas: https://ico.org.uk/action-weve-taken/enforcement/2025/06/23andme/.

([110]) Le fáil ag an nasc seo a leanas: https://ico.org.uk/for-organisations/uk-gdpr-guidance-and-resources/.

(72) Maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun críocha cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n-áirítear coimirciú a dhéanamh in aghaidh bagairtí don tslándáil phoiblí agus cosc a dhéanamh ar na bagairtí sin, feidhmíonn Cuid 3 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 go leanúnach ag déanamh forála maidir le prionsabail, cearta agus oibleagáidí atá comhchosúil leo siúd a leagtar amach le Treoir (AE) 2016/680 ([111]).

(73) Go sonrach, an dáta céanna agus a glacadh an Cinneadh sin, bhí Cinneadh glactha ag an gCoimisiún ar bhonn Airteagal 36(3) de Threoir (AE) 2016/680, inar suíodh go leanann an córas cosanta sonraí is infheidhme maidir le próiseáil ag údaráis forfheidhmithe dlí na Ríochta Aontaithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil ar aghaidh ag áirithiú leibhéal cosanta atá coibhéiseach go bunúsach leis an leibhéal a ráthaítear le Treoir (AE) 2016/680.

(74) Leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) leasaíodh agus comhdhlúthaíodh na díolúintí atá ann cheana i gCuid 3 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 atá ar fáil d'údaráis inniúla chun críocha slándála náisiúnta. Leis an díolúine slándála náisiúnta, ceadaítear d'údaráis inniúla forálacha áirithe de Chuid 3 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 a fhágáil gan feidhm má tá gá le díolúine ón bhforáil sin chun an tslándáil náisiúnta a choimirciú ([112]). Tá sé ar aon dul leis na díolúintí slándála náisiúnta dá bhforáiltear maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoi RGCS na Ríochta Aontaithe (dá bhforáiltear i roinn 26 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018) agus faoi Chuid 4 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (dá bhforáiltear i roinn 110 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018).

(75) Tá an díolúine slándála náisiúnta faoi réir na dteorainneacha agus na gcoimircí céanna leis na díolúintí faoi RGCS na Ríochta Aontaithe agus faoi Chuid 4 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, mar a dhéantar anailís orthu in aithrisí 64 go 67 agus 126 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772. Go háirithe, ní féidir an díolúine a chur i bhfeidhm ach amháin más gá, agus a mhéid is gá, chun an tslándáil náisiúnta a chosaint. Ní lándíolúine é agus ní mór don rialaitheoir é a mheas agus a agairt ar bhonn cás ar chás ([113]). Thairis sin, ní mór aon chur i bhfeidhm na díolúine a bheith i gcomhréir le caighdeáin chearta an duine (a bhfuil an tAcht um Chearta an Duine 1998 agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine mar bhonn taca leo), ar dá réir ba cheart aon chur isteach ar chearta príobháideachais a bheith riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach ([114]). Deimhnítear é sin freisin i dtreoraíocht ICO maidir le díolúintí slándála náisiúnta a chur i bhfeidhm ([115]).

(76) Ar bhunús na leasuithe a tugadh isteach leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) ([116]), is féidir gníomhaíocht shonrach próiseála ag údaráis atá inniúil i bhforfheidhmiú an dlí a rialú freisin le forálacha chuid 4 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, arb iondúil nach bhfuil feidhm aici ach maidir le próiseáil sonraí ag údaráis slándála náisiúnta.

([111]) Le Roinn 69 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) cuirtear isteach sainmhíniú ar thoiliú agus na coinníollacha chun brath ar an toiliú dá bhforáiltear le hAirteagal 4(11) agus Airteagal 7 de RGCS na Ríochta Aontaithe (lena léirítear na forálacha comhfhreagracha i Rialachán (AE) 2016/679) mar ranna nua 33(1A) agus 40A san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus soiléiriú á dhéanamh dá réir sin ar choincheap an toilithe agus na coinníollacha do bhrath ar thoiliú nuair a úsáidtear é mar an bunús dlí do phróiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil. Ina theannta sin, soiléirítear beagán le roinn 71(7) agus (8) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) an fhoclaíocht ar roinn 36(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Ar deireadh, i gcás inarb ábhartha, léirítear freisin i gCuid 3 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 leasuithe ar RGCS na Ríochta Aontaithe leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) mar a thuairiscítear i Roinn 2, féach mar shampla roinn 74(2)-(5) maidir le próiseáil íogair, roinn 76(4)-(6) a mhéid a bhaineann leis na teorainneacha ama chun freagairt ar iarrataí na n-ábhar sonraí, roinn 78(2) agus (3) a mhéid a bhaineann le cuardaigh chun freagairt ar iarrataí ábhar sonraí, agus roinn 80(3)-(5) maidir le cinnteoireacht uathoibrithe.

([112]) Roinn 78A(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, arna tabhairt isteach le roinn 88 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain). De bhun roinn 78A(2) - (4) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, ceadaítear leis an díolúine na prionsabail cosanta sonraí (seachas prionsabal na dlíthiúlachta agus na coinníollacha agus na coimircí chun sonraí íogaire a phróiseáil), cearta aonair, oibleagáidí rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí i ndáil le sáruithe sonraí, codanna áirithe de na rialacha maidir le haistrithe idirnáisiúnta sonraí, agus cuid de chumhachtaí iontrála an Choimisinéara Faisnéise chun cigireachtaí a dhéanamh agus gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh a dhífheidhmiú.

([113]) Féach *Baker v Secretary of State for the Home Department* [2001] UKIT NSA2 ('Baker v Secretary of State').

([114]) Féach freisin *Guriev v Community Safety Development (United Kingdom) Ltd* [2016] EWHC 643 (QB), mír 45; *Lin v Commissioner of the Police for the Metropolis* [2015] EWHC 2484 (QB), mír 80.

([115]) Féach treoraíocht ICO maidir leis an eisceacht slándála agus cosanta náisiúnta, atá le fáil ag an nasc seo a leanas: https://ico.org.uk/for-organisations/uk-gdpr-guidance-and-resources/exemptions/national-security-and-defence-exemption-a-guide.

([116]) Ranna 89 go 90 den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

(77) Cé go bhfuil síneadh curtha dá réir i gcásanna áirithe leis an gcóras cosanta sonraí do phróiseáil slándála náisiúnta, chuig próiseáil sonraí ag údaráis forfheidhmithe dlí choiriúil, ní hamhlaidh an cás sin ach in imthosca sonracha agus faoi réir coinníollacha dochta agus coimircí, i.e. (i) má shonraítear údarás inniúil mar 'údarás inniúil incháilithe' i rialacháin atá déanta ag an Státrúnaí a dteastaíonn faomhadh parlaiminteach ina leith ([117]), agus (ii) má ainmníonn an Státrúnaí trí mheán fógra gníomhaíocht shonrach próiseála atá déanta ag an údarás inniúil incháilithe. Is den tábhacht é nach féidir le hainmniúchán den sórt sin tarlú ach má mheasann an Státrúnaí go n-éilítear ainmniú na gníomhaíochta próiseála chun críoch an tslándáil náisiúnta a chosaint, i.e. i gcás ina bhfeidhmíonn údarás forfheidhmithe dlí choiriúil ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta, agus gurb é an t-údarás inniúil incháilithe a dhéanann an ghníomhaíocht phróiseála mar chomhrialaitheoir i dteannta seirbhís faisnéise amháin ar a laghad ([118]). Mar choimircí breise, ní mór don Státrúnaí dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir sula dtabharfaidh sé fógra ainmniúcháin ([119]), ní mór téacs an fhógra a fhoilsiú i bprionsabal ([120]), agus féadfaidh duine a ndéanann fógra ainmniúcháin difear díreach dó athbhreithniú breithiúnach a iarraidh ([121]). Dá bhrí sin, tá sé d'aidhm ag an leasú seo go bunúsach a shoiléiriú, i gcás go mbíonn údaráis na Ríochta Aontaithe inniúil i limistéar fhorfheidhmiú an dlí agus na slándála náisiúnta araon, agus go bpróiseálann siad sonraí i gcomhthéacs an dara sraith freagrachtaí sin atá acu, go bhféadfadh sé go mbeidh feidhm ag an gcóras cosanta sonraí do sheirbhísí slándála náisiúnta.

(78) Le Cuid 4 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 rialáiltear an phróiseáil sonraí ag seirbhísí faisnéise na Ríochta Aontaithe. Leanann sé ar aghaidh le príomhphrionsabail na cosanta sonraí a leagan amach, coinníollacha a fhorchur ar phróiseáil catagóirí speisialta sonraí, foráil a dhéanamh maidir le cearta ábhar sonraí, cosaint sonraí a éileamh i ndearadh táirgí, agus aistrithe sonraí pearsanta a rialáil, mar a thuairiscítear in aithrisí 125 go 132 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

(79) Is teoranta iad na leasuithe ar an gcóras sin a tugadh isteach leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain). A mhéid a bhaineann le ceart rochtana na n-ábhar sonraí a thugtar i roinn 94 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, tugtar isteach san Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) foroinn (2A) nua, ina soiléirítear nach bhfuil an t-ábhar sonraí i dteideal na faisnéise ábhartha ach a mhéid is féidir leis an rialaitheoir í a chur ar fáil bunaithe ar chuardach réasúnach comhréireach ([122]). Mar a mhínítear in aithris 35, leis an leasú seo leabaítear an cearta rochtana ar bhunús na gcaighdeán dlíthiúil bunaithe, ina gcuirtear san áireamh freisin leasanna an ábhair sonraí. Agus limistéar na cinnteoireachta uathoibrithe á phlé, tá cosc i gcónaí ar rialaitheoirí cinneadh a ghlacadh a dhéanann difear suntasach don ábhar sonraí atá bunaithe go hiomlán ar phróiseáil uathoibrithe sonraí pearsanta a bhaineann leis an ábhar sonraí, mura gceanglaítear nó mura n-údaraítear an cinneadh sin de réir an dlí, mura bhfuil toiliú tugtha ag an ábhar sonraí don chinneadh ar an mbunús sin, nó mura nglactar an cinneadh i gcomhthéacs conartha ([123]); Leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) tugtar isteach i gCuid 4 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ([124]) an sainmhíniú céanna ar an smaoineamh 'cinntí atá bunaithe go hiomlán ar phróiseáil uathoibrithe' mar a áirítear in Airteagal 22A de RGCS na Ríochta Aontaithe agus mar a anailísítear in aithris 53 den Chinneadh seo é.

3.2. **Forbairtí ábhartha maidir le rochtain agus úsáid údaráis phoiblí na Ríochta Aontaithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil**

(80) Forchuireann dlí na Ríochta Aontaithe go leanúnach roinnt teorainneacha ar rochtain agus ar úsáid sonraí pearsanta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil, agus foráiltear leis sásraí formhaoirseachta agus sásaimh sa limistéar sin, mar a anailísítear in aithrisí 134 go 174 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

([117]) Roinn 82(A1) agus (2A) agus (4) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, arna dtabhairt isteach le roinn 89(2) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

([118]) Roinn 82A(1) agus (2), arna tabhairt isteach le roinn 89(3) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain). Mar choimircí breise, ní mór don Státrúnaí dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir sula dtabharfaidh sé fógra ainmniúcháin, féach an roinn nua 82A(8) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, ní mór téacs an fhógra a fhoilsiú i bprionsabal, féach roinn nua 82D(1), faoi réir na n-eisceachtaí a leagtar amach i roinnt nua 82D(3) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus féadfaidh duine a ndéanann fógra ainmniúcháin difear díreach dó athbhreithniú breithiúnach a iarraidh, féach roinn nua 82E den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

([119]) Roinn 82A(8) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

([120]) Roinn 82D(1), faoi réir na ndíolúintí a leagtar amach i roinn nua 82D(3), den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

([121]) Roinn 82E den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

([122]) Roinn 78(4) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

([123]) Roinn 96 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

([124]) De bhun roinn nua 96(4) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, bunaítear cinneadh go hiomlán ar phróiseáil uathoibrithe mura rud é go n-áirítear deis do dhuine an cinneadh a ghlacadh, diúltú don chinneadh nó tionchar a fheidhmiú ar an gcinneadh leis an bpróiseas cinnteoireachta. Féach roinn 80(4)(c) den Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain).

3.2.1. *Bunúis dlí agus na teorainneacha/coimircí is infheidhme*

(81) Bíonn bailiú sonraí pearsanta ó oibreoirí is gnólachtaí sa Ríocht Aontaithe chun críoch fhorfheidhmiú an dlí choiriúil incheadaithe ar bhonn leanúnach i ndlíchóras na Ríochta Aontaithe ar bhunús barántas cuardaigh agus orduithe chun fianaise a thabhairt ar airde, faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí a thuairiscítear in aithrisí 135 go 138 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

(82) Ina theannta sin, leis an Acht um Shlándáil Náisiúnta 2023 ([125]), arb éard is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar bhagairtí don tslándáil náisiúnta trí mheán na spiaireachta, na sabaitéireachta agus daoine ag gníomhú i gcomhair cumhachtaí eachtracha, tugadh isteach cumhachtaí nua iontrála, cuardaigh agus urghabhála do phóilíní na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear an fhéidearthacht sonraí pearsanta a fháil, i gcás ina bhfuil foras réasúnach a bheith in amhras go bhfaighfear ábhar ar dócha gur fianaise a bheidh ann go bhfuil ceann amháin nó níos mó de na cionta tromchúiseacha nó gníomhaíochtaí bagartha ó chumhacht eachtrach faoin Acht um Shlándáil Náisiúnta 2023 déanta nó ar tí a bheith déanta ([126]). Tá na cumhachtaí sin faoi réir coinníollacha agus coimircí atá comhchosúil leo siúd a anailísítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 agus a bhí ag na cumhachtaí a bhí i bhfeidhm ag an am. Go sonrach, ní mór a n-úsáid a údarú trí mheán barántais, ordú chun fianaise a thabhairt ar aird nó ordú míniúcháin arna eisiúint ag breitheamh neamhspleách, i bprionsabal ar iarratas a fháil ón chonstábla/oifigeach imscrúdaithe ([127]). Is ann do chosaintí sonracha i gcás ábhar rúnda, amhail ábhar iriseoireacht agus míreanna atá faoi réir na pribhléide dlí ([128]). Cosúil leis sin, le heisiúint orduithe nochta ([129]), orduithe faisnéise custaiméirí ([130]) agus orduithe faireacháin cuntas ([131]) a cruthaíodh freisin leis an Acht um Shlándáil Náisiúnta 2023, ní mór dóibh údarú a fháil ó bhreitheamh ar iarratas ag oifigeach iomchuí, agus atá faoi réir coinníollacha agus coimircí sonracha, lena n-áirítear go bhfuil an t-ordú á lorg maidir le duine sonrach, chun críoch imscrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíocht bhagartha ó chumhacht eachtrach, go bhfeabhsófar éifeachtacht an imscrúdaithe leis an ordú, agus nach n-úsáidtear é chun faisnéis a fháil atá faoi phribhléid dhlíthiúil nó atá eisiata ar bhealach eile, amhail ábhar iriseoireachta agus roinnt taifid sláinte ([132]).

(83) Mar a thuairiscítear in aithrisí 139 go 141 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, i gcreat dlíthiúil na Ríochta Aontaithe is féidir le húdaráis shonracha forfheidhmithe dlí, mar shampla an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Choireacht nó an tSeirbhís Phóilíneachta Chathrach cumhachtaí imscrúdaitheacha spriocdhírithe a úsáid freisin de réir an Achta um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha 2016 ([133]) chun coireanna tromchúiseacha a chosc nó a bhrath. Is iad na cumhachtaí imscrúdaitheacha sonracha ar féidir leis na húdaráis forfheidhmithe dlí sin dul ar a n-iontaoibh idircheapadh spriocdhírithe (Cuid 2 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016), sealbhú sonraí cumarsáide (Cuid 3 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016), agus trasnaíocht spriocdhírithe ar threalamh (Cuid 5 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha 2016). I gcás ina dtugann an Státrúnaí fógraí coinneála faoi Chuid 4 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, is féidir le comhlachtaí forfheidhmithe dlí tairbhe a bhaint freisin as rochtain a fháil ar na sonraí cumarsáide coinnithe trí chumhachtaí fála sonraí cumarsáide faoi Chuid 3 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016.

([125]) Le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2023/32/contents/enacted.

([126]) Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Shlándáil Náisiúnta 2023. Is cionta ábhartha faoin Acht um Shlándáil Náisiúnta 2023 mar shampla iad faisnéis faoi chosaint a fháil nó a nochtadh (roinn 1), rúin cheirde a fháil nó a nochtadh (roinn 3), cúnamh a thabhairt do sheirbhís faisnéise eachtrach (roinn 4), sabaitéireacht a dhéanamh (roinn 12), nó iompar sonrach toirmiscthe a dhéanamh ar son cumhacht eachtrach leis an rún iarmhairt trasnaíochta a chruthú (roinn 13).

([127]) Féach míreanna 2(1), 3(1), 4(1) agus 10(1) de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Shlándáil Náisiúnta 2023.

([128]) Féach míreanna 2(4)(b), 3(4)(b) agus (c), 4(4)(b) agus (c), agus 10(1) de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Shlándáil Náisiúnta 2023.

([129]) Trí mheán orduithe nochta faoi Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht um Shlándáil Náisiúnta 2023, féadfaidh oifigeach fógra a thabhairt do dhuine ag cur iallach orthu faisnéis a chur ar fáil, doiciméid a thabhairt ar láimh, agus/nó ceisteanna a fhreagairt atá ábhartha d'imscrúdú chun maoin atá bainteach le gníomhaíocht bhagartha ó chumhacht eachtrach a shainaithint, lena n-áirítear gluaiseacht nó úsáid na maoine sin.

([130]) Trí mheán orduithe faisnéise custaiméirí faoi Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht um Shlándáil Náisiúnta 2023, féadfaidh oifigeach fógra a thabhairt d'institiúid airgeadais iallach a chur uirthi aon fhaisnéis faoi chustaiméirí a chur ar fáil i ndáil le duine sonraithe.

([131]) Trí mheán orduithe faireacháin cuntais faoi Sceideal 5, féadfar a cheangal ar institiúid airgeadais faisnéis a chur ar fáil mar atá sonraithe san ordú d'oifigeach don tréimhse agus ar an mbealach a shonraítear san ordú sin, tréimhse nach féidir léi bheith níos faide ná 90 lá.

([132]) Sceideal 3 mír 2(1), Sceideal 4 mír 1, Sceideal 5 mír 1 a ghabhann leis an Acht um Shlándáil Náisiúnta 2023.

([133]) Ghabh an tAcht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 (féach: https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2016/25/contents/enacted) in ionad dlíthe difriúla maidir le cumarsáid a idircheapadh, trasnaíocht ar threalamh agus sealbhú sonraí cumarsáide, go háirithe Cuid I de RIPA 2000 lenar cuireadh an creat reachtach ginearálta roimhe seo ar fáil maidir le húsáid cumhachtaí imscrúdaitheacha ag údaráis forfheidhmithe dlí agus slándála náisiúnta.

(84) Ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, leanann an tAcht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 ar aghaidh, in éineacht leis an Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha a Rialáil 2000 RIPA do Shasana, don Bhreatain Bheag agus do Thuaisceart Éireann agus leis an Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha a Rialáil (Albain) 2000 (RIPSA) d'Albain, ag cur bunús dlí ar fáil agus ag leagan amach na dteorainneacha agus coimircí is infheidhme maidir le húsáid na gcumhachtaí sin, mar a thuairiscítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772. Is den tábhacht é go n-éilítear go leanúnach sa chreat dlíthiúil na cumhachtaí sin a chleachtadh, nach foláir do na húdaráis barántas a fháil ([134]) arna eisiúint ag údarás inniúil ([135]) agus arna fhaomhadh ag Coimisinéir Breithiúnach neamhspleách ([136]) (ar a dtugtar an nós imeachta 'glais dhéach'). Tá fáil barántais den sórt sin fós ag teacht faoi réir tástáil éigeantais agus comhréireachta ([137]).

(85) An tráth céanna, ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, leasaíodh leis an Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024, a fuair Aontú an Rí i mí Aibreáin 2024, gnéithe sonracha áirithe den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 ([138]). A mhéid a bhaineann na leasuithe seo agus forbairtí ábhartha eile leis na coinníollacha, teorainneacha agus coimircí thart ar úsáid na gcumhachtaí imscrúdaitheacha sonracha thuasluaite ag údaráis phoiblí sa Ríocht Aontaithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil, mar a mheasúnaítear in aithrisí 177 go 215 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, déantar anailís sna míreanna a leanas orthu. A mhéid a bhaineann le gnéithe de chreat na Ríochta Aontaithe nár leasaíodh leis an Acht thuasluaite nó nach bhfuil difear déanta dóibh le forbairtí ábhartha eile, leanann an anailís a rinneadh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 de bheith bailí.

(86) A mhéid a bhaineann le sealbhú agus coimeád spriocdhírithe na sonraí cumarsáide ([139]), tá na coinníollacha agus coimircí lena rialaítear na cumhachtaí sin, mar a mheasúnaítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, fós i bhfeidhm. Leis an Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024 soiléiríodh na coimircí atá ann cheana trí liosta samplaí a thabhairt isteach i roinn 11 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 (lena gcruthaítear cion as sonraí cumarsáide a fháil go neamhdhleathach ó oibreoir teileachumarsáide) den mhéid a thuigtear a bheith clúdaithe le 'húdarás dleathach' san fhoráil úd ([140]). Ina theannta sin, tugadh soiléiriú breise san Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024 ar an sainmhíniú ar shonraí cumarsáide atá i roinn 261 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 trí shonrú go sainráite go gcáilíonn mionsonraí síntiúsóirí mar shonraí cumarsáide ([141]).

([134]) Déantar foráil i gCaibidil 2 de Chuid 2 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 maidir le roinnt cásanna inar féidir idircheapadh a dhéanamh gan barántas a fháil. Áirítear leis sin: idircheapadh le toiliú an tseoltóra nó an fhaighteora, idircheapadh chun críocha riaracháin nó forfheidhmithe, idircheapadh a tharlaíonn in institiúidí airithe (príosúin, ospidéil shíciatracha agus saoráidí coinneála inimirce) chomh maith le hidircheapadh a dhéantar i gcomhréir le comhaontú idirnáisiúnta ábhartha.

([135]) I bhformhór na gcásanna, is é an Státrúnaí an t-údarás a eisíonn na barántais faoin Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, agus tá cumhacht ag Airí na hAlban barántais idircheaptha spriocdhírithe, barántais cúnaimh fhrithpháirtigh agus barántais do thrasnaíocht spriocdhírithe ar threalamh a eisiúint, nuair atá na daoine nó an t-áitreabh atá le hidircheapadh agus an trealamh a ndéanfar trasnaíocht air suite in Albain (féach Ranna 22 agus 103 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016). I gcás trasnaíocht spriocdhírithe ar threalamh, is féidir le ceann forfheidhmithe dlí (ar a dtuairiscítear i gCuid 1 agus Cuid 2 de Sceideal 6 a ghabhann leis an Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016) barántas a eisiúint de réir choinníollacha Roinn 106 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016.

([136]) Tugann Coimisinéirí Breithiúnacha cúnamh don Choimisinéir Cumhachtaí Imscrúdaitheacha (CCI), ar comhlacht neamhspleách é a chleachtann feidhmeanna formhaoirseachta maidir le húsáid cumhachtaí imscrúdaitheacha ag gníomhaireachtaí faisnéise.

([137]) Féach, go sonrach, Roinn 19 agus 23 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016.

([138]) Le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2024/9/contents/2025-04-25.

([139]) Clúdaítear leis an téarma 'sonraí cumarsáide' na ceisteanna 'cé hé/hí', 'cathain' agus 'conas' a bhaineann le cumarsáid, ach ní chlúdaítear an t-inneachar, i.e. an méid a dúradh nó a scríobhadh. D'fhéadfaí a áireamh le sonraí cumarsáide am agus fad na cumarsáide, uimhir nó seoladh ríomhphoist an tionscnóra agus an fhaighteora, agus uaireanta suíomh na ngléasanna óna ndearnadh an teileachumarsáid, féach roinn 261(5) den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016. San Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 ceadaítear don Státrúnaí éileamh ar oibreoirí teileachumarsáide sonraí cumarsáide a choimeád chun gur féidir le réimse údarás poiblí, lena n-áirítear gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus faisnéise, rochtain spriocdhírithe a dhéanamh orthu. I gCuid 4 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 déantar foráil maidir le sonraí cumarsáide a choinneáil, agus déantar foráil i gCuid 3 maidir le sealbhú spriocdhírithe na sonraí cumarsáide. Leagtar amach i gCuid 3 agus Cuid 4 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 freisin teorainneacha sonracha maidir le húsáid na gcumhachtaí sin, agus déantar foráil maidir le coimircí sonracha.

([140]) Mar shampla, i gcás ina bhfaigheann an duine ábhartha na sonraí cumarsáide i bhfeidhmiú cumhachta reachtúla de chuid an údaráis phoiblí ábhartha nó i gcás ina bhfaightear na sonraí cumarsáide i gcomhréir le hordú cúirte nó údarú breithiúnach eile. Roinn 11(3A) den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, arna tabhairt isteach le roinn 12(3) den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024.

([141]) Roinn 261(5A) agus (5B), arna tabhairt isteach le roinn 13(3) den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024.

(87) Leanann eisiúint fógraí ina n-éilítear sonraí cumarsáide a choinneáil ([142]) ag teacht faoi réir teorainneacha agus coimircí, mar a thuairiscítear in aithrisí 208 agus 209 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, go háirithe ceanglais éigeantais agus chomhréireachta agus faomhadh a fháil ó Choimisinéir Breithiúnach neamhspleách. Cé gur tugadh isteach an fhéidearthacht leis an Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024 fógraí den sórt sin a athnuachan, beidh aon athnuachan faoi réir na gcoinníollacha céanna éigeantais agus comhréireachta agus faomhadh a fháil ón gCoimisinéir Breithiúnach ([143]).

(88) Maidir le sonraí cumarsáide, leasaigh an tAcht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú), 2024 an sainmhíniú ar oibreoir teileachumarsáide freisin, i.e. seolaithe féideartha fógra coinneála. Áirítear sa sainmhíniú seo anois aon duine 'a rialaíonn nó a sholáthraíonn córas teileachumarsáide (i) nach bhfuil (go hiomlán nó go páirteach) sa Ríocht Aontaithe ná nach bhfuil á rialú ón Ríocht Aontaithe, agus (ii) a úsáideann duine eile chun seirbhís teileachumarsáide a thairiscint nó a sholáthar do dhaoine sa Ríocht Aontaithe' ([144]). Rud atá tábhachtach, éilíonn an sainmhíniú leasaithe dlúthnasc le margadh na Ríochta Aontaithe i gcónaí. Dá bhrí sin, soiléirítear leis an leasú go gcumhdaítear cuideachtaí móra a bhfuil struchtúir chorparáideacha chasta acu ina n-iomláine faoin Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 gan raon feidhme an tsainmhínithe a leathnú chuig soláthraithe seirbhísí teileachumarsáide nach bhfuil dírithe ar dhaoine sa Ríocht Aontaithe. Deimhnítear an méid sin freisin leis an Nótaí Míniúcháin maidir leis an Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024, inar leagadh amach nach bhfuil an leasú beartaithe le cuideachtaí breise a thabhairt faoi raon feidhme na gcumhachtaí ábhartha faoin Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 ([145]), ach gur feidhm soiléirithe atá aige go bunúsach.

(89) Ar deireadh, tugadh isteach leis an Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024 roinnt modhnuithe spriocdhírithe maidir le barántais a eisiúint, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le hidircheapadh spriocdhírithe agus trasnaíocht spriocdhírithe ar threalamh, i.e. cumhachtaí ar féidir le húdaráis shonracha forfheidhmithe dlí sa Ríocht Aontaithe a úsáid freisin chun críocha coireanna tromchúiseacha a chosc nó a bhrath. Ní bhaineann na modhnuithe ach leis an gcás sonrach ina n-úsáidtear na cumhachtaí sin chun cumarsáid ó dhuine is Comhalta de reachtas ábhartha a fháil, nó faisnéis phríobháideach faoi dhuine den sórt sin a fháil ([146]). Cé gur gnách gur féidir leis an Státrúnaí barántais i ndáil le hidircheapadh spriocdhírithe agus trasnaíocht ar threalamh a eisiúint, agus go bhfaigheann siad cead ó Choimisinéir Breithiúnach (féach aithrisí 186 go 196 agus 210 go 215 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772), éilítear le ranna 26 agus 111 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 cead a fháil ón bPríomh-Aire freisin nuair a bhaineann an barántas le Feisire Parlaiminte nó comhalta de reachtas ábhartha eile (ar a dtugtar an nós imeachta 'glais thriaraigh'). Ceadaítear don Phríomh-Aire anois faoin Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha 2024 cúigear Rúnaithe Stáit a ainmniú, a mbeidh an chumhacht acu cumhacht an Phríomh-Aire a chleachtadh chun na barántais sin a údarú, ar choinníoll gur práinneach é an gá le húdarú agus nach féidir leis an bPríomh-Aire é a údarú de dheasca éagumas leighis nó easpa rochtana ar chumarsáid shlán. Is den tábhacht é go bhfanfaidh na teorainneacha agus na coimircí a mhéid a bhaineann le heisiúint na mbarántas sin, mar a thuairiscítear sna haithrisí thuasluaite de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2021/1772, fós i bhfeidhm.

3.2.2. *Úsáid bhreise a bhaint as an bhfaisnéis bhailithe*

(90) Tá comhroinnt sonraí ag údarás forfheidhmithe dlí le húdarás difriúil chun críoch seachas na cinn dár bailíodh ar dtús é (ar a dtugtar 'comhroinnt ar aghaidh'), fós faoi réir na gcoinníollacha a anailísítear in aithrisí 142 go 156 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

([142]) Is é is aidhm d'eisiúint fógraí coinneála den sórt sin de bhun ranna 87 go 89 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 a dhaingniú go gcoinníonn oibreoirí teileachumarsáide, go ceann uastréimhse 12 mhí, sonraí cumarsáide ábhartha a léirscriosfaí murach fógra a eisiúint a luaithe nach mbeadh gá leo chun críche an ghnó. Beidh na sonraí arna gcoinneáil le cur ar fáil go ceann na tréimhse riachtanaí dá mba ghá ina dhiaidh sin don údarás poiblí iad a shealbhú faoi údarú le haghaidh sealbhú spriocdhírithe ar shonraí cumarsáide a ndéantar foráil maidir leis le Cuid 3 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016.

([143]) Roinn 94A den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, arna tabhairt isteach le roinn 20(4) den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024.

([144]) Roinn 261(10)(c) den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, a tugadh isteach le roinn 19 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024.

([145]) Tá Nótaí Míniúcháin maidir leis an Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024, mír 359, ar fáil ag an nasc a leanas: https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2024/9/pdfs/ukpgaen_20240009_en.pdf.

([146]) Féach ranna 26 agus 111 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016.

(91) A mhéid a bhaineann le cás sonrach na n-aistrithe ar aghaidh ón Ríocht Aontaithe chuig na Stáit Aontaithe, an 'Comhaontú idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le Rochtain ar Shonraí Leictreonacha chun Cur i gCoinne na Coireachta Tromchúisí (an Comhaontú idir an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe) ([147]), a cuireadh i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2019, tá sé tagtha i bhfeidhm agus curtha chun feidhme ó bhí mhí Dheireadh Fómhair 2022 ann. Faoi Chomhaontú na Ríochta Aontaithe-SAM, d'fhéadfadh sonraí a aistrítear ón Aontas Eorpach chuig soláthraithe seirbhíse sa Ríocht Aontaithe teacht faoi réir orduithe chun fianaise a thabhairt ar aird arna n-eisiúint ag údaráis inniúla forfheidhmithe dlí in SAM agus a bheith infheidhme sa Ríocht Aontaithe.

(92) Is den tábhacht é go bhfuil feidhm leanúnach ag na coinníollacha agus na coimircí faoinar féidir orduithe den sórt sin a eisiúint agus a fhorghníomhú, mar a mheasúnaítear in aithris 154 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772. Go sonrach, na sonraí a fhaightear faoin gComhaontú tairbhíonn siad de chosaint choibhéiseach leis na coimircí sonracha arna gcur ar fáil leis an gcomhaontú ar a dtugtar 'Brat-Chomhaontú AE-SAM' ([148]) a áirítear go léir le Comhaontú na Ríochta Aontaithe-SAM trí thagairt a dhéanamh ar bhonn *mutatis mutandis* ([149]).

(93) Ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, tá sé mínithe ag an Ríocht Aontaithe gur shoiléirigh sí, lena n-airítear trí dul i ngleic leis na páirtithe ábhartha i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Chomhaontú na Ríochta Aontaithe-SAM, an chaoi a gcuirtear na coimircí sonracha den Bhrat-Chomhaontú a ceapadh don chomhthéacs comhair idir forfheidhmiú an dlí agus forfheidhmiú an dlí in oiriúint do na haistrithe sonracha atá faoi chumhdach Chomhaontú na Ríochta Aontaithe-SAM agus a gcuirtear i bhfeidhm orthu iad. Go sonrach, mhínigh an Ríocht Aontaithe go ndéantar na forálacha den Bhrat-Chomhaontú ina bhfeictear ról don Údarás Inniúil ábhartha (nach ann dóibh i gcás comhar díreach idir soláthraí seirbhíse na Ríochta Aontaithe agus údarás forfheidhmithe dlí in SAM) a léirmhíniú *mutatis mutandis* mar thagairt d'Údarás Ainmnithe (mar a shainmhínítear faoi Chomhaontú na Ríochta Aontaithe-SAM ([150]) an Pháirtí ábhartha.

(94) Mar shampla, ar fhógairt Teagmhais Slándála Faisnéise de bhun Airteagal 10 de Bhrat-Chomhaontú AE-SAM, ina n-éilítear fógra a thabhairt don Údarás Inniúil atá i mbun an aistrithe, mhínigh an Ríocht Aontaithe go gcuirtear an fhoráil sin chun feidhme *mutatis mutandis* leis an mbrí gur cheart an fógra a thabhairt d'Údarás Ainmnithe an Pháirtí sin ónar aistríodh na sonraí.

(95) Ar údarú a fháil ón Údarás Inniúil aistrithe roimh aon aistriú ar aghaidh na faisnéise pearsanta de bhun Airteagal 7 den Bhrat-Chomhaontú, shoiléirigh an Ríocht Aontaithe go gcuirfidh sí an fhoráil sin i bhfeidhm *mutatis mutandis* leis an mbrí gur gá d'Údarás Ainmnithe an Pháirtí ónar aistríodh na sonraí aon aistriú ar aghaidh a údarú.

(96) A mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí faoi Airteagal 8 den Bhrat-Chomhaontú maidir le cáilíocht agus sláine na faisnéis a choinneáil, le léirmhíniú *mutatis mutandis* ar an bhforáil chuirfí freagracht ar Údarás Ainmnithe an Pháirtí a fhaigheann na sonraí as idirchaidreamh leis an soláthraí a bhfuil na sonraí aistrithe aige i gcás aon fhadhbanna i ndáil le cáilíocht agus sláinte na sonraí.

([147]) Comhaontú idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le Rochtain ar Shonraí Leictreonacha chun Cur i gCoinne na Coireachta Tromchúisí, atá le fáil ag an nasc a leanas: https://assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/836969/CS_USA_6.2019_Agreement_between_the_United_Kingdom_and_the_USA_on_Access_to_Electronic_Data_for_the_Purpose_of_Countering_Serious_Crime.pdf.

([148]) Comhaontú idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach maidir le faisnéis phearsanta a chosaint, ar faisnéis í a bhaineann le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath, agus a ionchúiseamh, IO L 336, 10.12.2016, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2016/2220/oj).

([149]) Airteagal 9(1) den Chomhaontú.

([150]) De bhun Airteagal 1(8) de Chomhaontú na Ríochta Aontaithe-SAM, ciallaíonn 'Údarás Ainmnithe' an t-eintiteas rialtasach atá ainmnithe, ar son na Ríochta Aontaithe, ag an Státrúnaí don Roinn Gnóthaí Baile, agus ar son na Stát Aontaithe, ag an Ard-Aighne.

(97) Ar shásamh breithiúnach a fháil, chuir an Ríocht Aontaithe i dtábhacht go mbeidh Údarás Ainmnithe gach Páirtí bainteach i gcónaí le haistrithe faoi Chomhaontú na Ríochta Aontaithe-SAM. I gcás inarb iad na Stáit Aontaithe an Páirtí a fhaigheann sonraí ó sholáthraithe seirbhíse sa Ríocht Aontaithe, is í Roinn Ceartais SAM a ghníomhóidh mar an tÚdarás Ainmnithe. Dá bhrí sin, de réir léirmhíniú na Ríochta Aontaithe, i ngach iarraidh arna heisiúint ar bhunús Chomhaontú na Ríochta Aontaithe-SAM, beidh an Roinn Ceartais páirteach mar údarás feidearálach ainmnithe faoi Acht SAM um Shásamh Breithiúnach, agus is féidir sásamh breithiúnach a chleachtadh dá réir in aghaidh na Roinne Ceartais i gcomhréir le hAirteagal 19 den Bhrat-Chomhaontú. Ina theannta sin, dheimhnigh an Ríocht Aontaithe do sheirbhísí an Choimisiúin nach é an tAcht um Shásamh Breithiúnach an t-aon sásra chun sásamh a lorg. Ag brath ar na himthosca agus comhthéacs an cháis ar leith, cuirtear bealaí malartacha ar fáil le dlíthe eile SAM is infheidhme trína bhféadfaí sásamh breithiúnach a lorg.

3.2.3. *Formhaoirseacht agus sásamh*

(98) Ag brath ar na cumhachtaí a úsáideann na húdaráis inniúla nuair a phróiseáiltear sonraí pearsanta chun críche fhorfheidhmiú an dlí (cé acu faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 nó faoin Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 é), leanann comhlachtaí difriúla ag áirithiú na maoirseachta maidir le húsáid na gcumhachtaí úd, mar a mheastar in aithrisí 158 go 174 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, agus tá sásraí sásaimh fós ar fáil faoi Chuid 3 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, faoin Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 agus faoin Acht um Chearta an Duine 1998, mar a anailísítear in aithrisí 250 go 269 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

(99) A mhéid a bhaineann le formhaoirseacht ar Chuid 3 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, déantar feidhmeanna agus cumhachtaí an Choimisiúin Faisnéise a anailísiú in aithrisí 158 go 160 agus 162 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, faoi réir na leasuithe a tugadh isteach leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) mar a thuairiscítear i roinn 2.3.1 agus 2.3.2 den Chinneadh seo.

(100) A mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na gcumhachtaí sin, ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 tá an Coimisinéir Faisnéise tar éis roinnt gearán a láimhseáil ([151]) agus roinnt imscrúduithe a dhéanamh agus bearta forghníomhaithe a dhéanamh maidir le próiseáil sonraí ag údaráis forfheidhmithe dlí. Idir 2021 agus 2025, rinne an Coimisinéir Faisnéise imscrúduithe agus d'eisigh iomarduithe in aghaidh comhlachtaí éagsúla póilíneachta as teipeanna difriúla chun a gcuid oibleagáidí cosanta sonraí a chomhlíonadh, mar shampla agus iad ag freagairt ar iarrataí chun sonraí a rochtain, agus bearta slándála á gcur i bhfeidhm le haghaidh sonraí faireachais físeáin, nuair a bhítear ag plé le taifid choiriúla íogaire, nuair a cumascadh sonraí daoine aonair difriúla, nó nuair a nochtadh sonraí pearsanta le tríú páirtithe ([152]). D'eisigh an Coimisinéir Faisnéise treoirlínte, tuairimí agus treoirdhoiciméid freisin, mar shampla maidir leis an gceart rochtana nó maidir leis an gcaoi le hiarrataí atá go follasach gan bhunús nó atá iomarcach faoi Chuid 3 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ([153]).

(101) A mhéid a bhaineann le húsáid cumhachtaí imscrúdaitheacha faoin Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, leantar ar aghaidh an fhormhaoirseacht neamhspleách bhreithiúnach a áirithiú leis an gCoimisinéir um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (IPCA), le cúnamh ó Choimisinéirí Breithiúnacha eile, dá dtagraítear i gcomhar a chéile mar Choimisinéirí Breithiúnacha ([154]). Sa limistéar sin, níl ach modhnuithe teoranta spriocdhírithe déanta leis an Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024, nach ndéanann difear do neamhspleáchas, cúraimí agus cumhachtaí na gCoimisinéirí Breithiúnacha, ach atá dírithe ar fheidhmiú an chórais formhaoirseachta atá ann cheana a neartú sa chleachtas, go háirithe trí leas-IPCanna a thabhairt isteach ar féidir leis an IPC cumhachtaí sonracha a tharmligean dóibh nuair nach féidir leo nó nach mbíonn sé nó sí ar fáil lena c(h)uid feidhmeanna a chur i gcrích. Ní mór do leas-IPCanna den sórt sin a bheith ina gCoimisinéirí Breithiúnacha agus is é an IPC a cheapann iad ([155]).

([151]) Mar shampla, in 2023-24 fuair an Coimisiún Faisnéise 1 890 gearán ar bhunús RGCS agus/nó an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 faoi eagraíochtaí laistigh de na fo-earnálacha 'Údarás Póilíneachta', 'Fórsaí Póilíneachta' agus 'Coimisinéirí Póilíneachta'. Féach freisin Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Choimisinéara Faisnéise 2023/24, atá le fáil ag an nasc a leanas: https://ico.org.uk/media2/migrated/4030348/annual-report-2023-24.pdf.

([152]) Tá faisnéis bhreise le fáil ag an nasc seo a leanas: https://ico.org.uk/action-weve-taken/enforcement/?ensector=criminal-justice.

([153]) Le fáil ag an nasc seo a leanas: https://ico.org.uk/for-organisations/law-enforcement/the-right-of-access-part-3-of-the-dpa-2018/ agus https://ico.org.uk/for-organisations/law-enforcement/guide-to-le-processing/individual-rights/manifestly-unfounded-and-excessive-requests/.

([154]) Féach aithris 250 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

([155]) Roinn 227 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, arna tabhairt isteach le roinn 7 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú).

3.3. **Forbairtí ábhartha maidir le rochtain agus úsáid údaráis phoiblí na Ríochta Aontaithe chun críoch na slándála náisiúnta**

(102) A mhéid a bhaineann le cumhachtaí imscrúdaitheacha a chleachtar i gcomhthéacs na slándála náisiúnta, leanann an tAcht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 ar aghaidh ag tabhairt creat dlíthiúil d'úsáid na gcumhachtaí sin. I dteannta na leasuithe a bhaineann le cumhachtaí imscrúdaitheacha spriocdhírithe ar féidir le húdaráis forfheidhmithe dlí áirithe brath orthu freisin, faoi réir coinníollacha sonracha, mar a thuairiscítear in aithrisí 77 go 85 den Chinneadh seo, tá modhnuithe déanta leis an Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024 ar cheann de na cumhachtaí arna gcur ar fáil ag an Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 is féidir a chleachtadh ar an mórchóir.

(103) Go sonrach, tá córas sonracha tugtha isteach leis an Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024 i gCuid 7A nua den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 do choinneáil agus scrúdú fo-thacair shonraigh d'olltacair sonraí pearsanta ([156]), i.e. le haghaidh na dtacar sonraí úd nach bhféadfadh aon ionchas réasúnach nó ionchas réasúnach beag a bheith ag na daoine aonair lena mbaineann na sonraí pearsanta ar phríobháideachas i ndáil leis na sonraí ([157]). Is é ceann seirbhíse faisnéise a chinneann an bhfuil nó nach bhfuil olltacar sonraí ina chuid den fho-thacar áirithe tacar sonraí sin ar bhunús na n-imthosca uile, go sonrach (i) cineál na sonraí, (ii) a mhéid a cuireadh na sonraí ar fáil go poiblí ag daoine aonair, nó a mhéid a thoiligh na daoine aonair na sonraí a chur ar fáil go poiblí, (iii) má tá na sonraí foilsithe, a mhéid a foilsíodh iad faoi réir rialú eagarthóireachta nó ag duine ag gníomhú i gcomhréir le caighdeáin ghairmiúla, (iv) má tá na sonraí foilsithe nó má tá siad ar fáil ar bhealach eile san fhearann poiblí, a mhéid a bhfuil eolas forleathan curtha ar na sonraí sin, agus (v) a mhéid atá na sonraí in úsáid san fhearann poiblí cheana féin ([158]).

(104) Is den tábhacht é, i gcás choinneáil agus scrúdú na n-olltacar sonraí pearsanta nach dtagann faoin gcatagóir sin, i.e. sonraí atá níos íogaire agus a bhfuil ionchas réasúnta ar phríobháideachas i gceist leo dá bhrí sin, tá an córas a ndearnadh measúnú air in aithrisí 239 agus 240 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 fós i bhfeidhm, go háirithe an gá le barántas atá formheasta ag an Státrúnaí ar dtús agus ansin ag an gCoimisinéir Breithiúnach, faoi réir cheanglais éigeantas agus chomhréireacht an bhirt, dá ndéantar foráil le Cuid 7 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 ([159]).

(105) Déantar foráil i gCuid 7A den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 maidir le dhá chineál údaraithe: údarú aonair agus údarú catagóire. Ní mór coinneáil gach tacair sonraí pearsanta builc a choinnítear faoi Chuid 7A, nó coinneáil agus scrúdú gach tacair sonraí pearsanta builc a choinnítear faoi Chuid 7A, a údarú faoi cheann de na húdaruithe sin. Éilíonn an dá údarú i bprionsabal ([160]) údarú ó cheann na seirbhíse faisnéise (nó ó dhuine atá ag gníomhú thar a cheann) agus formheas ó Choimisinéir Breithiúnach neamhspleách ([161]). Deonaíonn ceann seirbhíse faisnéise údarú aonair faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i roinn 226B(4) den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, agus faoi réir formheas a fháil roimh ré ó na Coimisinéirí Breithiúnacha. Ní mór don Choimisinéir Breithiúnach athbhreithniú a dhéanamh ar chonclúidí an duine a dheonaigh an t-údarú i ndáil le cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag roinn 226A, i.e. an ceanglas maidir le príobháideachas atá íseal nó nach bhfuil coinne réasúnta leis, tá feidhm aige maidir leis an olltacar sonraí pearsanta a thuairiscítear san údarú ([162]).

([156]) Le hOlltacair Sonraí Pearsanta a eisíodh de bhun roinn 200 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 údaraítear gníomhaireachtaí faisnéise chun tacair sonraí a choinneáil agus a scrúdú ina bhfaightear sonraí pearsanta i ndáil le roinnt daoine aonair agus i gcás arb é cineál an tacair nach gcuirfidh an tseirbhís faisnéise spéis i móramh na ndaoine aonair, agus nach dócha go gcuirfidh sí spéis iontu, i gcleachtadh a feidhmeanna, agus go gcoimeádann seirbhís faisnéise go leictreonach é agus go gcoinnítear é le hanailís a dhéanamh air i gcleachtadh a feidhmeanna reachtúla, féach freisin roinn 199 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016.

([157]) Roinn 226A(1) den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, arna tabhairt isteach le roinn 2 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024.

([158]) Roinn 226A(3) den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, arna tabhairt isteach le roinn 2 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024.

([159]) Tá roinn 213 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 leasaithe ag an Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024, chun na críche go n-imíonn barántais d'olltacair sonraí as feidhm 12 mhí tar éis a n-eisiúna. Roimhe seo, ba ghá barántais den sórt sin a athnuachan gach 6 mhí. Féach roinn 3 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024.

([160]) Ní fhéadfar údarú aonair a dheonú gan formheas breithiúnach a fháil roimh ré ach amháin (i) má mheasann an duine a dheonaíonn an t-údarú aonair go dtagann an olltacar sonraí pearsanta atá i gceist faoi údarú catagóire atá ann cheana, nó (ii) i gcás práinne, féach roinn 226B(6) den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016. Sa chás deireanach sin, ní mór do Choimisinéir Breithiúnach athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh údarú aonair práinneach a dheonú laistigh de 3 lá oibre tar éis lá na heisiúna, féach roinn 226BC den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016.

([161]) Roinn 226B(1) den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, arna tabhairt isteach le roinn 2 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú).

([162]) Roinn 226BB(1)(a) den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, arna tabhairt isteach le roinn 2 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú), 2024.

(106) Le húdarú catagóire, údaraítear catagóir d'olltacar sonraí pearsanta ar a dtugtar tuairisc san údarú a choinneáil, nó a choinneáil agus a scrúdú.

(107) Is é ceann na seirbhíse faisnéise a dhéanann an cinneadh an t-údarú catagóire a dheonú i gcás ina measann sé go bhfuil feidhm ag roinn 226A maidir le haon tacar sonraí laistigh den chatagóir agus i gcás ina bhformheasann Coimisinéir Breithiúnach neamhspleách an cinneadh an t-údarú a dheonú ([163]). Ní mór don dara ceann sin athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag roinn 226A, i.e. an ceanglas maidir le hionchas íseal príobháideachais nó gan ionchas réasúnach príobháideachais a bheith ann, maidir le haon tacar sonraí a thagann faoi chatagóir na dtacar sonraí ar a dtugtar tuairisc san údarú ([164]).

(108) Rud atá tábhachtach, nuair atá cinneadh chun údarú aonair nó údarú catagóire a bhronnadh á cheadú, agus an Coimisinéir Breithiúnach ag déanamh amhlaidh, ní mór dó nó di 'na prionsabail chéanna a chur i bhfeidhm agus a chuirfí i bhfeidhm ag cúirt ar iarratas a fháil ar athbhreithniú breithiúnach' ([165]) agus machnamh a dhéanamh ar na cúrsaí sin le dóthain cúraim chun a áirithiú go gcomhlíonann an Coimisinéir Breithiúnach na dualgais a fhorchuirtear le roinn 2 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016 (dualgais ghinearálta i ndáil le príobháideachas) ([166]). Thairis sin, tá eisiúint údaruithe faoi réir formhaoirseacht dhocht *ex post*, go háirithe trí thuairisciú bliantúil chuig an Státrúnaí agus Coiste na Parlaiminte um Fhaisnéis agus Slándáil ([167]) agus trí chigireachtaí tráthrialta ar Oifig IPC ([168]).

(109) A mhéid a bhaineann leis na forbairtí ábhartha i limistéar na formhaoirseachta, tá tuarascálacha bliantúla foilsithe ag Oifig IPC do na blianta 2021, 2022 agus 2023, ina dtugtar staidreamh mionsonraithe agus faisnéis maidir le húsáid na gcumhachtaí imscrúdaitheacha ag gníomhaireachtaí faisnéise agus údaráis forfheidhmithe dlí sa Ríocht Aontaithe ([169]). Tuairiscítear sna tuarascálacha freisin iniúchtaí agus imscrúdaithe na hOifige, chomh maith lena dtorthaí, rud a dheimhníonn go leanann IPC ar aghaidh ag áirithiú a fheidhme formhaoirseachta fíorthábhachtaí faoi chóras cumhachtaí imscrúdaitheacha na Ríochta Aontaithe. Mar shampla, in 2023, rinne sé athbhreithniú ar na húdair éigeantais agus chomhréireachta d'úsáid na n-ollchumhachtaí idircheaptha (mar a mheasúnaítear in aithrisí 218 go 225 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 ag Ceanncheathrú Cumarsáide an Rialtais (GCHQ), agus tháinig sé ar an gconclúid gur bhain réasúnú fónta le móramh na ráiteas a cuireadh in iúl, agus nár cuireadh in iúl go maith an chomhréireacht i roinnt cásanna. Pléadh na torthaí sin le Foireann Chomhlíontachta GCHQ, a gheall oiliúint bhreise inmheánach múscailte feasachta a choimisiúnú le haghaidh a thabhairt ar an bhfadhb ([170]).

(110) Ina theannta sin, d'eisigh an Binse um Chumhachtaí Imscrúdaithe tuarascáil phoiblí ar a ghníomhaíochtaí agus ar a chásdlí don tréimhse 2021 go 2023 ([171]). Léirítear sa tuarascáil go bhfuil méadú faoi dhó tagtha ar líon na gcásanna a fuair an Binse ó 2017 i leith, agus go bhfuarthas níos mó ná 400 cás in 2023 ([172]). Rinneadh formhór na ngearán i

([163]) Roinn 226BA den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, arna tabhairt isteach le roinn 2 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú),.

([164]) Roinn 226BB(1)(b) den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, arna tabhairt isteach le roinn 2 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú).

([165]) Roinn 226BB(2)(a) den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, arna tabhairt isteach le roinn 2 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú), 2024.

([166]) Roinn 226BB(2)(b) den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, arna tabhairt isteach le roinn 2 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024. I gcomhréir leis na dualgais ghinearálta maidir le príobháideachas mar a leagtar amach i roinn 2 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, ní mór d'údarás poiblí aird a thabhairt ar (a) an bhféadfaí an méid a bhfuiltear ag iarraidh a bhaint amach leis an mbarántas, leis an údarú nó leis an bhfógra a bhaint amach go réasúnach ar bhealaí eile nach bhfuil chomh hionrach céanna, (b) an bhfuil an leibhéal cosanta atá le cur i bhfeidhm i ndáil le haon fháil faisnéise de bhua an bharántais, an údaraithe nó an fhógra níos airde mar gheall ar íogaireacht ar leith na faisnéise sin, (c) leas an phobail i sláine agus slándáil na gcóras teileachumarsáide agus na seirbhísí poist, agus (d) aon ghné eile de leas an phobail i gcosaint an phríobháideachais.

([167]) Ranna 226DA agus 226DB den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, 2016, arna tabhairt isteach le roinn 2 den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha (Leasú) 2024.

([168]) Féach Tuarascáil Bhliantúil 2023 den Choimisinéir Cumhachtaí Imscrúdaitheacha, atá le fáil ag an nasc a leanas: https://ipco-wpmedia-prod-s3.s3.eu-west-2.amazonaws.com/E03270100-HC_603-IPCO-Annual-Report-2023-Web_Accessible.pdf, lch. 3.

([169]) Tá na tuarascálacha bliantúla le fáil ag an nasc a leanas: https://www.ipco.org.uk/publications/annual-reports/.

([170]) Féach míreanna 6.39 go 6.43 den Tuarascáil Bhliantúil 2023, atá le fáil ag an nasc a leanas: https://ipco-wpmedia-prod-s3.s3.eu-west-2.amazonaws.com/E03270100-HC_603-IPCO-Annual-Report-2023-Web_Accessible.pdf.

([171]) Tuarascáil an Bhinse um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha 2021-2023, le fáil ag an nasc a leanas: https://investigatorypowerstribunal.org.uk/wp-content/uploads/2024/11/Investigatory-Powers-Tribunal-Report-2024.pdf.

([172]) Tuarascáil an Bhinse um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha 2021-2023, lch. 5.

gcoinne gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, agus údaráis slándála agus faisnéise ina dhiaidh sin ([173]). Rud atá tábhachtach, in 2022 agus 2023, thug an Binse breithiúnais i gcásanna a fuair sé roimh 2021 inar chinn sé gur ghníomhaigh údaráis phoiblí na Ríochta Aontaithe (Póilíní na hAlban ([174]), Póilíní Mhanchain Mhór ([175]), Póilíní Surrey ([176]), agus MI5 agus an Rúnaí Baile ([177]) go neamhdhleathach faoi seach. I dtéarmaí leigheasanna, d'ordaigh an Binse um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha, i measc nithe eile, go scriosfaí aon ábhar a fuarthas go neamhdhleathach, agus i gcás amháin freisin go n-íocfaí £ 12 000 mar shásamh cóir as na sáruithe a sainaithníodh. Dá bhrí sin, deimhnítear sa tuarascáil bhliantúil go gcomhlíonann an Binse um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha go héifeachtach a ról tábhachtach maidir le maoirseacht agus sásamh a ráthú i réimse fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na rochtana slándála náisiúnta ar shonraí pearsanta.

(111) Thairis sin, leagtar béim sa tuarascáil freisin ar fhorbairtí tábhachtacha, amhail breithiúnas ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine inar chinn an Chúirt gur féidir le daoine aonair áit ar bith ar domhan éileamh a dhéanamh os comhair an Bhinse um Chumhachtaí Imscrúdaithe maidir le hoibriú chóras bulc-idircheaptha na Ríochta Aontaithe más rud é go ndearna comhlacht poiblí de chuid na Ríochta Aontaithe an t-iompar atá i gceist agus gur tharla sé sa Ríocht Aontaithe ([178]).

4. **CONCLÚID**

(112) Measann an Coimisiún go n-áirithítear go leanúnach le RGCS na Ríochta Aontaithe agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, arna leasú leis an Acht Sonraí (Úsáid agus Rochtain) leibhéal cosanta do na sonraí pearsanta arna n-aistriú ón Aontas Eorpach arb ionann go bunúsach é agus an leibhéal a ráthaítear le Rialachán (AE) 2016/679.

(113) Thairis sin, measann an Coimisiún, ar an iomlán, go gcuireann sásraí formhaoirseachta agus bealaí sásaimh i ndlí na Ríochta Aontaithe ar chumas sáruithe a shainaithint agus a phionósú ar bhealach praiticiúil agus leigheasanna dlí a thairiscint don ábhar sonraí le rochtain a dhéanamh ar a chuid sonraí pearsanta nó a cuid sonraí pearsanta, agus le ceartú nó léirscriosadh na sonraí sin a fháil ar deireadh thiar.

(114) Ar deireadh, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil maidir le dlíchóras na Ríochta Aontaithe, measann an Coimisiún i gcás aon chur isteach ag údaráis phoiblí na Ríochta Aontaithe ar mhaithe le leas an phobail, go háirithe chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus na slándála náisiúnta, ar chearta bunúsacha daoine aonair a n-aistrítear a sonraí pearsanta ón Aontas chuig an Ríocht Aontaithe, go mbeidh an cur isteach sin teoranta dá bhfuil fíorghá leis chun an cuspóir dlisteanach i gceist a bhaint amach, agus go bhfuil cosaint dlí éifeachtach ann in aghaidh an chur isteach sin.

(115) Dá bhrí sin, i bhfianaise thorthaí an Chinnidh seo, ba cheart an cinneadh a dhéanamh go n-áirithíonn an Ríocht Aontaithe leibhéal leordhóthanach cosanta de réir bhrí Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2016/679, arna léirmhíniú i bhfianaise na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(116) Tá an chonclúid sin bunaithe ar an gcóras intíre ábhartha sa Ríocht Aontaithe, faoi mar atá athrú tagtha air ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, agus ar a gealltanais idirnáisiúnta araon, go háirithe comhlíontacht leanúnach na Ríochta Aontaithe leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus géilleadh leanúnach do dhlínse na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Dá bhrí sin, is eilimint den mheasúnú ar a bhfuil an Cinneadh seo bunaithe é comhlíonadh leanúnach na n-oibleagáidí idirnáisiúnta den sórt sin a bhfuil tábhacht ar leith léi.

([173]) Tuarascáil an Bhinse um Chumhachtaí Imscrúdaitheacha 2021-2023, lch. 12.
([174]) Wilson v Póilíní na hAlban [2022] UKIPTrib 5.
([175]) Pendlebury v Póilíní Mhanchain Mhór [2023] UKIPTrib 2.
([176]) Hill v an tSeirbhís Phóilíneachta Chathrach agus an Oifig Neamhspleách um Iompar Póilíneachta [2022] UKIPTrib 6.
([177]) Liberty & Privacy International v an tSeirbhís Slándála agus Státrúnaí na Roinne Baile [2023] UKIPTrib 1.
([178]) *Wieder agus Guarnieri v an Ríocht Aontaithe*, [2023] ECHR 668, féach freisin Tuarascáil an Bhinse um Chumhachtaí Imscrúdaithe 2021-2023, lch. 6.

5. ÉIFEACHTAÍ AN CHINNIDH SEO AGUS GNÍOMHAÍOCHT NA nÚDARÁS UM CHOSAINT SONRAÍ

(117) Ceanglaítear ar Bhallstáit agus ar a gcuid orgán na bearta is gá a ghlacadh chun gníomhartha institiúidí an Aontais a chomhlíonadh, de bharr go dtoimhdítear na gníomhartha sin a bheith dleathach agus go mbaineann iarmhairtí dlíthiúla leo dá réir nó go dtí go dtéann siad in éag, go dtarraingítear siar iad, go neamhnítear i gcaingean le haghaidh neamhniú iad, nó go ndearbhaítear iad a bheith neamhbhailí tar éis tarchur le haghaidh breithiúnas tosaigh nó pléadáil neamhdhleathachta.

(118) Dá dheasca sin, is ceangailteach ar gach orgán na mBallstát Airteagal a ndírítear orthu é cinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún a glacadh de bhun Airteagal 45(3) de Rialachán (AE) 2016/679, lena n-áirítear ar a n-údaráis mhaoirseachta neamhspleácha. Go háirithe, le linn thréimhse chur i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, arna leasú leis an gCinneadh seo, féadfar aistrithe a dhéanamh ó rialaitheoir nó ó phróiseálaí san Aontas Eorpach chuig rialaitheoirí nó próiseálaithe sa Ríocht Aontaithe gan gá le haon údarú breise a fháil.

(119) Ba cheart go gcuimhneofaí, de bhun Airteagal 58(5) de Rialachán (AE) 2016/679 agus mar a mhínigh an Chúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas *Schrems I* ([179]), i gcás ina gceistíonn údarás náisiúnta um chosaint sonraí, lena n-áirítear ar fáil gearáin dó, comhoiriúnacht chinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún do chearta bunúsacha an duine aonair ar phríobháideachas agus cosaint sonraí, ní mór leigheas dlí a chur ar fáil sa dlí náisiúnta di chun na hagóidí sin a thabhairt os comhair cúirt náisiúnta, a d'fhéadfaí a cheangal uirthi tarchur a dhéanamh le haghaidh réamhbhreithiúnais chuig an gCúirt Bhreithiúnais ([180]).

6. FAIREACHÁN

(120) De bhun Airteagal 45(4) de Rialachán (AE) 2016/679, tá an Coimisiún le faireachán a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar fhorbairtí ábhartha sa Ríocht Aontaithe, chun a mheas an áirithíonn sí fós leibhéal cosanta atá coibhéiseach go bunúsach. Tá tábhacht ar leith ag baint le faireachán den sórt sin toisc go ndéanfaidh an Ríocht Aontaithe córas modhnaithe cosanta sonraí a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Thairis sin, le creat cosanta sonraí modhnaithe na Ríochta Aontaithe, tugtar an chumhacht don Státrúnaí an creat sin a shonrú a thuilleadh trí reachtaíocht thánaisteach. I ndáil leis sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar shonraíochtaí breise den sórt sin, agus ar chur i bhfeidhm praiticiúil rialacha modhnaithe na Ríochta Aontaithe maidir le haistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tíortha; ar éifeachtacht fheidhmiú na gceart aonair, lena n-áirítear aon fhorbairt ábhartha sa dlí agus sa chleachtas maidir leis na heisceachtaí ar na cearta sin nó na srianta orthu a tugadh isteach le déanaí, agus ar fheidhmiú an ICO athstruchtúraithe, lena n-áirítear maidir le gearáin a láimhseáil agus cumhachtaí ceartaitheacha a chur i bhfeidhm, mar aon leis an gcomhlíontacht leis na srianta agus coimircí i ndáil le rochtain rialtais, go háirithe i ndáil le Cuid 7A den Acht um Chumhachtaí Imscrúdaithe, 2016 a tugadh isteach le déanaí. I measc eilimintí eile, ba cheart bonn eolais a chur ar fáil d'fhaireachán an Choimisiúin le forbairtí cásdlí agus formhaoirseacht ICO agus comhlachtaí neamhspleácha eile.

(121) Chun an faireachán sin a éascú, ba cheart d'údaráis na Ríochta Aontaithe an Coimisiún a chur ar an eolas go pras faoi aon athrú ábhartha ar dhlíchóras na Ríochta Aontaithe a bhfuil tionchar aige ar an gcreat dlíthiúil is ábhar do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, arna leasú leis an gCinneadh seo, chomh maith le haon éabhlóid ar chleachtais a bhaineann le próiseáil na sonraí pearsanta a ndearnadh measúnú orthu i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, arna leasú leis an gCinneadh seo, a mhéid a bhaineann le próiseáil na sonraí pearsanta ag rialaitheoirí agus próiseálaithe faoi RGCS na Ríochta Aontaithe agus na srianta agus coimircí a bhfuil feidhm leo i ndáil le rochtain ar shonraí pearsanta ag údaráis phoiblí. Ba cheart forbairtí maidir leis na heilimintí a luaitear in aithris a áireamh leis sin 120.

(122) Thairis sin, chun caoi a thabhairt don Choimisiún a fheidhm faireacháin a dhéanamh go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le haon ghníomhaíocht ábhartha a dhéanann na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí, go háirithe maidir le fiosruithe nó gearáin ó ábhair sonraí AE i ndáil le haistriú sonraí pearsanta ón Aontas chuig rialaitheoirí nó próiseálaithe sa Ríocht Aontaithe. Ba cheart an Coimisiún a chur ar an eolas freisin faoi aon táscaire nach n-áirithítear an leibhéal cosanta riachtanach le gníomhaíochtaí údaráis phoiblí na Ríochta Aontaithe le freagracht as cosc, imscrúdú, brath nó ionchúiseamh na gcionta coiriúla, nó as an tslándáil náisiúnta, lena n-áirítear aon chomhlacht formhaoirseachta.

([179]) *Schrems I*, mír 65.

([180]) *Schrems I*, mír 65: 'Ní mór don reachtas náisiúnta foráil a dhéanamh maidir le leigheasanna dlí lena gcumasófar an t-údarás náisiúnta maoirseachta lena mbaineann na hagóidí a chur os comhair na gcúirteanna náisiúnta a measann sé a bhfuil bunús maith leo, d'fhonn go ndéanfaidís iad a tharchur le haghaidh réamhbhreithiúnais, má thagann siad lena amhrais maidir le bailíocht an chinnidh ón gCoimisiún, chun na críche iniúchadh a dhéanamh ar bhailíocht an chinnidh'.

(123) I gcás ina nochtar leis an bhfaisnéis atá ar fáil, go háirithe an fhaisnéis mar thoradh ar an bhfaireachán ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772, arna leasú leis an gCinneadh seo nó arna cur ar fáil ag údaráis na Ríochta Aontaithe nó na mBallstát, nach bhféadann an leibhéal cosanta arna thabhairt ag an Ríocht Aontaithe a bheith leordhóthanach a thuilleadh, ba cheart don Choimisiún an méid sin a chur ar an eolas d'údaráis inniúla na Ríocht Aontaithe go pras agus a iarraidh go nglactar bearta iomchuí laistigh de thráthchlár réasúnach, nach bhféadann a bheith níos faide ná 3 mhí. I gcás inar gá, féadfar an tréimhse sin a fhadú ar feadh tréimhse shonraithe ama, agus cineál na saincheiste atá i gceist agus/nó na mbeart atá le déanamh á chur san áireamh. Mar shampla, chuirfí tús le nós imeachta den sórt sin i gcásanna nach ndéanfaí aistrithe ar aghaidh a thuilleadh, lena n-áirítear ar bhonn rialacháin leordhóthanachta nua arna nglacadh ag an Státrúnaí nó ar bhonn comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Ríocht Aontaithe, faoi choimircí lena n-áiritheofaí leanúnachas na cosanta de réir bhrí Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2016/679.

(124) Más rud é, ar dhul in éag an tráthchláir shonraithe sin, go mainníonn údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe na bearta sin a dhéanamh nó má theipeann orthu a léiriú go sásúil ar bhealach eile go bhfuil an Cinneadh seo bunaithe go fóill ar leibhéal cosanta leormhaith, tionscnóidh an Coimisiún an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 93(2) de Rialachán (AE) 2016/679 d'fhonn an Cinneadh seo a chur ar fionraí nó a aisghairm go páirteach nó go hiomlán.

(125) Mar mhalairt rogha, tionscnóidh an Coimisiún an nós imeachta sin d'fhonn an Cinneadh a leasú, go háirithe trí aistrithe sonraí a chur faoi réir coinníollacha breise nó gan srian a chur le raon feidhme an chinnidh leordhóthanachta ach amháin do na haistrithe sonraí amháin dá bhfuil leibhéal cosanta leordhóthanach fós á áirithiú.

(126) Ar mhórfhorais phráinne a bhfuil údar cuí leo, bainfidh an Coimisiún leas as an bhféidearthacht, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 93(3) de Rialachán (AE) 2016/679, gníomhartha cur chun feidhme arb infheidhme go láithreach iad a ghlacadh lena bhfionraítear, lena n-aisghairtear nó lena leasaítear an Cinneadh.

7. ATHBHREITHNIÚ AR AN gCINNEADH SEO, AGUS FAD AGUS ATHNUACHAN AN CHINNIDH SEO

(127) Agus Airteagal 45(3) de Rialachán (AE) 2016/679 á chur i bhfeidhm, agus ós rud é go bhféadfadh athrú teacht ar leibhéal na cosanta a thugtar faoi chreat dlíthiúil na Ríochta Aontaithe, ba cheart don Choimisiún, tar éis an Cinneadh seo a ghlacadh, athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh féachaint an bhfuil bunús fíorasach agus dlíthiúil fós leis na torthaí i ndáil le leordhóthanacht an leibhéil cosanta atá á áirithiú ag an Ríocht Aontaithe, agus na heilimintí a liostaítear in Airteagal 45(2) de Rialachán (AE) 2016/679 á gcur san áireamh. Ba cheart na meastóireachtaí sin a dhéanamh gach 4 bliana ar a laghad agus ba cheart gach gné d'fheidhmiú an Chinnidh seo a chumhdach leo, lena n-áirítear feidhmiú na sásraí ábhartha um fhormhaoirseacht agus um fhorfheidhmiú.

(128) Chun an t-athbhreithniú a dhéanamh, ba cheart don Choimisiún bualadh le hionadaithe ábhartha ó údaráis na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear an Coimisiún Faisnéise. Ba cheart rannpháirtíocht sa chruinniú sin a bheith ar oscailt d'ionadaithe chomhaltaí an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí. Faoi chuimsiú an athbhreithnithe, ba cheart don Choimisiún a iarraidh ar an Ríocht Aontaithe faisnéis chuimsitheach a sholáthar maidir le gach gné is ábhartha don toradh leordhóthanachta. Ba cheart don Choimisiún mínithe a lorg freisin maidir le haon fhaisnéis is ábhartha don Chinneadh seo atá faighte aige, lena n-áirítear faisnéis ón BECS, ó údaráis cosanta sonraí aonair, ó ghrúpaí na sochaí shibhialta, ó thuairiscí poiblí nó sna meáin, agus ó aon fhoinse faisnéise atá ar fáil.

(129) Ar bhonn an athbhreithnithe, ba cheart don Choimisiún tuarascáil phoiblí a ullmhú lena cur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(130) Ní mór don Choimisiún a thabhairt san áireamh freisin go bhféadfadh sé go dtiocfaidh athruithe breise ar an gcreat cosanta sonraí a mheasúnaítear sa Chinneadh seo agus i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772.

(131) Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh go mbeidh feidhm ag an gCinneadh seo ar feadh tréimhse 6 bliana ó dháta a theacht i bhfeidhm.

(132) I gcás ina léireoidh faisnéis a thiocfaidh as an bhfaireachán ar an gCinneadh seo, go háirithe, go bhfuil údar fíorasach agus dlíthiúil fós leis na torthaí a bhaineann le leordhóthanacht an leibhéil cosanta a áirithítear sa Ríocht Aontaithe, ba cheart don Choimisiún, 6 mhí ar a dhéanaí sula scoirfidh an Cinneadh seo d'fheidhm a bheith aige, tús a chur leis an nós imeachta chun an Cinneadh seo a leasú trína raon feidhme ama a shíneadh, i bprionsabal, ar feadh tréimhse bhreise 4 bliana. Tá aon ghníomh cur chun feidhme lena leasaítear an Cinneadh seo le glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 93(2) de Rialachán (AE) 2016/679.

8. **BREITHNITHE DEIRIDH**

(133) D'fhoilsigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí a thuairim ([181]), a tugadh san áireamh agus an Cinneadh seo á ullmhú.

(134) Tá an beart dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear faoi Airteagal 93 de Rialachán (AE) 2016/679,

(135) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairtear Airteagal 1(2) de Chinneadh Cur chun Feidhme (AE) 2021/1772.

Airteagal 2

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772:

'*Airteagal 4*

Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 27 Nollaig 2031, mura gcuirfear síneadh leis i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 93(2) de Rialachán (AE) 2016/679.'

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Michael MCGRATH
Comhalta den Choimisiún

([181]) Tuairim 26/2025 maidir le Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún Eorpach de bhun Rialachán (AE) 2016/679 maidir le cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta ag an Ríocht Aontaithe, atá le fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.edpb.europa.eu/system/files/2025-10/edpb_opinion_202526_united_kingdom_adequacy_gdpr_en.pdf.